

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Tuarascáil Bhliantúil 2012



Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

Tá leagan Gaeilge agus leagan Béarla den Tuarascáil Bhliantúil (2012) ar fáil ar – www.environ.ie.

Clár Ábhair

Leathanach

Réamhrá leis an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	3
Ráiteas an Ard-Rúnaí	4
Achoimre ar na Príomhnithe a Baineadh amach sa bhliain 2012	8
Caibidil 1: Tithíocht	14
Caibidil 2: Uisce	18
Caibidil 3: An Comhshaol	21
Caibidil 4: Rialtas Áitiúil agus an Toghchóras	25
Caibidil 5: Forbairt Pobail agus Tuaithe	33
Caibidil 6: Pleanáil	38
Caibidil 7: Met Éireann	41
Caibidil 8: Acmhainní a Sholáthar don Roinn Nua-aimseartha	47

Aguisíní

Aguisín 1 – Gníomhaíocht Reachtach 2012	52
Aguisín 2 – Foilseacháin 2012	68
Aguisín 3 – Tuarascáil Bliantúil maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh: Forléargas ar Úsáid Fuinnimh 2012	71

Réamhrá leis an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Is mórchúis áthais dom féin agus do mo chomhghleacaithe, na hAirí Stáit Jan O'Sullivan, T.D., agus Fergus O'Dowd, T.D., glacadh le Tuarascáil Bhliantúil na Roinne – tuarascáil a thugann léargas leathan ar ghníomhaíochtaí na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le linn 2012.

D'éirigh leis an Roinn an-dul chun cinn a dhéanamh i rith 2012 ar bhaint amach a cuspóirí.

Cuirtear síos i *Ráiteas Straitéise 2011-2014* na Roinne ar chuspóirí ardleibhéil agus ar phríomhstraitéisí a réimsí Cláir go léir (Tithíocht, Seirbhísí Uisce, an Comhshaoil agus Bainistiú Dramhaíola, Rialtas Áitiúil, an Pobal agus Forbairt Tuaithe, Pleanáil agus Met Éireann). Tugtar léargas soiléir sa Straitéis ar shainchúram leathan na Roinne, ar na tosaíochtaí straitéiseacha agus ar chlár mór athchóirithe *Chlár Téarnaimh Náisiúnta an Rialtais 2011 – 2016* agus *Chlár Tacaíochta Airgeadais an AE/CAI*.

Déantar feidhmíocht na Roinne a mheas gach bliain bunaithe ar na príomhthorthaí agus na táscairí feidhmíochta atá luaite sa *Ráiteas Straitéise*. Is féidir feidhmíocht a mheas freisin de réir an eolais atá ina chuid de Mheastacháin Athbhreithnithe 2013, a áiríonn sonraí faoi thorthaí na Roinne le haghaidh 2012; spriocanna ó thaobh torthaí de le haghaidh 2013; agus táscairí feidhmíochta le haghaidh na 3 bliana seo caite.

Tá moladh mór tuillte ag an Roinn agus a Gníomhaireachta as a ndianobair leanúnach agus a ndíograis le linn 2012 – bliain a bhí an-ghnóthach. Is mór an dul chun cinn a tharla, agus na clocha míle a sroicheadh, faoi Chlár an Rialtais. A bhuíochas leis na hullmhúcháin chríochnúla d'Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach agus ar an gComhairle, tá ag éirí thar barr le clár uaillmhianach, dúshlánach na Roinne don Uachtaránacht sin.

Thar ceann mo chomhghleacaithe atá ina nAirí agus thar mo cheann féin, gabhaim buíochas ó chroí leis an bhfoireann as an obair a rinne siad ar bhonn indibhidiúil chun cuidiú linn cuspóirí na Roinne a bhaint amach. Le baint amach na gcuspóirí sin beidh páirt againn sa téarnamh eacnamaíochta agus cuideoimid le maolú na ndúshlán atá i ndán do na pobail a bhfreastalaímid orthu.

Phil Hogan, T.D.

An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Ráiteas an Ard-Rúnaí

Le linn 2012 lean an Roinn ag léiriú a tacaíochta do chur i bhfeidhm thascanna tosaíochta na nAirí agus an Rialtais chun eacnamaíocht agus dea-cháil na tíre a athbhunú. Rinneadh dul chun cinn i rith 2012 ar ár réimsí éagsúla cláir agus sa Tuarascáil seo tá forléargas leathan ar an méid a rinne an Roinn chun feabhas a chur ar chaighdeán maireachtála a saoránach agus a pobal, ar fhorbairt eacnamaíochta agus shóisialta, agus ar chosaint an chomhshaoil. Cuireadh i gcrích freisin na dian-ullmhúcháin d'Uachtaránacht an AE, le clár soiléir tosaíochtaí sna réimsí seo: comhshaol, aeráid, an earnáil núicléach agus pleanáil agus tithíocht agus socraíodh clár cuimsitheach de chruinnithe leis an gCoimisiún Eorpach, le Parlaimint na hEorpa, le hArdrúnaíocht na Comhairle agus le Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe.

Lean an Roinn leis an obair ar athchóiriú na seirbhíse poiblí le linn 2012. Is éard atá san fhoilseachán *Putting People First: Action Programme for Effective Local Government* ná treophlean d'athchóiriú an rialtais áitiúil agus tá sé á chur i bhfeidhm faoi láthair chun struchtúr, feidhmeanna, maoiniú agus maoirseacht an rialtais áitiúil a athrú. Táthar tar éis todhchaí na timpeallachta forbartha áitiúla agus pobail a leagan amach go soiléir, agus socraíodh clocha míle, i bplean forfheidhmithe cuimsitheach a bhainfidh amach soláthar níos fearr seirbhíse, rannpháirtíocht níos fearr an phobail agus ról níos lárnaí don rialtas áitiúil sa réimse seo. Agus an athrú oibríochtúil á dhéanamh sa tseirbhís dóiteáin, trí chur i bhfeidhm *Keeping Communities Safe*, leanfar ag tabhairt tosaíochta do shábháilteacht agus cosc dóiteáin fad is a dhéantar cuíchóiriú ar an soláthar seirbhíse.

Ar na forbairtí suntasacha eile in earnáil an Rialtais Áitiúil tá siad seo:

- páirt an Rialtais i mbainistiú agus cur i bhfeidhm an mhoratóra agus an laghdaithe ar líon foirne faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh agus mar thoradh air sin laghdú de bhreis is 8,900 ó 37,243 (Meitheamh 2008) go 28,343 (Nollaig 2012) ar líon na mball foirne coibhéise lánaimseartha atá fostaithe in earnáil an rialtais áitiúil. Laghdaíodh líon na mball foirne san údarás áitiúil faoi 1,400 Coibhéis Lánaimseartha le linn 2012. D'éirigh le húdarás áitiúil €119.1m a choigilt sa dara tréimhse tuairiscithe faoin gComhaontú – suas go dtí Márta 2012;
- foilsíodh *first report of the Local Government Efficiency Review Implementation Group* agus straitéis fiontar agus post an rialtais áitiúil, *Supporting Economic Recovery and Jobs – Locally*;
- ritheadh an tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2012 agus laghdaíodh an líon gníomhaireachtaí faoi shainchúram na Roinne ó 21 go dtí 10; agus
- cuireadh i bhfeidhm an Muirear Teaghlaigh agus bhí Oifig na gCoimisinéirí loncainm i mbun ullmhúcháin do thabhairt isteach na Cánach Maoine Áitiúla.

Lean an dianobair i rith na bliana ar na samhlacha eagraíochtúla, airgeadais, eacnamaíochta agus comhshaoil le haghaidh *Irish Water* agus tá straitéis shonrach forfheidhmithe anois ar bun. Leanadh leis an obair ar an Acht um Sheirbhísí Uisce 2013 a chuir *Irish Water* ar bun agus a shann feidhm chomhairleach ar an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRF), i ndáil le rialáil eacnamaíochta na seirbhísí uisce. Cuireadh infheistíocht shuntasach chaipitil ar fáil athuair sa bhliain 2012 mar ar caitheadh €308 milliún ar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce, lena n-áirítear €40 milliún ar an gClár Uisce Tuaithe. Cuireadh i gcrích 56 conradh/scéim le linn na bliana agus bhí obair ag dul ar aghaidh ar 77 conradh eile ag deireadh na bliana. San iomlán, athshlánaíodh 222 km de phíobáin soláthair phoiblí uisce. I mí an Mheithimh seoladh córas nua clárúcháin agus cigireachta le haghaidh na gcóras fuíolluisce teaghlaigh.

I réimse na tithíochta infheistíodh breis is €100m i gcláir athbheochana. Mar thoradh ar athstruchtúrú leanúnach ar an gClár Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta, cuireadh 1,259 aonad ar fáil ar bhonn léasa agus tharla 5,451 aistriú nua faoin Scéim Cóiríochta ar Cíos sa bhliain 2012, agus b'ionann an costas foriomlán air seo agus díreach breis is €146 milliún. De bhreis air sin, cuireadh breis is 1,000 aonad nua de chóiríocht shóisialta ar fáil trí mheán na n-údarás áitiúil agus trí na comhlachtaí ceadaithe tithíochta, agus ina measc bhí tithíocht dóibhsean i gcatagóir sonracha riachtanais tithíochta.

Foilsíodh *National Implementation Framework* chun tacú le *Housing Strategy for People with a Disability 2011-2016* i mí Iúil. Le linn 2012, bhain 10,004 teaghlach leas as an Scéim Deontais chun Oiriúnú a dhéanamh ar Thithíocht do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas, agus chosain sin €55m ar an Státchiste.

Leanadh le hobair shuntasach a bhí ar bun chun déileáil le heastáit tithíochta neamhchríochnaithe agus tuairiscíodh ar an dul chun cinn sna foilseacháin seo a leanas ó 2012 - *Resolving Unfinished Housing Developments: Progress Report on Actions to Address Unfinished Housing Developments*, agus *National Housing Development Survey, Summary Report*.

Rinneadh dul chun cinn chomh maith ar roinnt beart chun déileáil le riaráistí morgáiste, lena n-áirítear: bunú an Phróisis Réitigh Riaráistí Morgáiste; seoladh na teorach leasaithe maidir le riaráistí morgáiste, an scéim 'Morgáiste le Cur ar Cíos' le haghaidh iasachtaithe príobháideacha agus scéim phíolótach 'Morgáiste le Cur ar Cíos' do dhaoine le hiasachtaí ó údarás áitiúil.

Bhí dul chun cinn ann i réimse na Pleanála agus foilsíodh na Treoirínte maidir le Pleanáil Miondíola agus Treoirínte maidir le Pleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta. Leanadh leis an obair freisin ar dhréachtú roinnt treoirínte pleanála. Foilsíodh an Tuarascáil um Athbhreithniú Pleanála agus ceapadh saineolaí neamhspleách pleanála chun measúnú a dhéanamh ar gach beart arna

shonrú sa Tuarascáil agus chun aon bhearta breise a mbeadh gá leo a mholadh. Seoladh *Myplan.ie* chun córas foriomlán monatóireachta a sholáthar do bhreis is 400+ plean reachtúil forbartha rialtais áitiúil agus pleananna limistéir áitiúil ar fud na tíre.

Is mór an dul chun cinn a rinneadh ar pholasaithe comhshaoil na Roinne le linn 2012 agus foilsíodh *Our Sustainable Future - a Framework for Sustainable Development* agus *A Resource Opportunity - Waste Management Policy in Ireland*. De bhreis air sin, seoladh Plean Gnímh maidir le Soláthar Poiblí Glas, *Green Tenders*. Foilsíodh clár d'fhorbairt beartais agus reachtaíocht náisiúnta aeráide i mí Eanáir agus faoi dheireadh na bliana bhí an cur i bhfeidhm ar sprioc tríd is tríd, cuireadh próiseas comhairliúcháin i gcrích, cuireadh i gcrích dhá shaothar shuntasacha anailíse a rinne Ardrúnaíocht CNES maidir leis na roghanna beartais amach anseo, bhí an reachtaíocht faoi Heads of Climate ag céim forbartha agus foilsíodh an National Climate Adaptation Framework.

Leanamar ag dul i ngleic lenár ndualgais ghéilliúlachta faoi dhlí an AE agus faoin dlí idirnáisiúnta, agus laghdaigh an líon de chásanna “beo” sáráithe comhshaoil ó 15 go 12. Daingníodh roinnt Coinbhinsiún agus Prótacal freisin le linn na bliana, lena n-áirítear Coinbhinsiún Aarhus.

Cuireadh maoiniú de €53m ar fáil faoi *Axes 3 & 4 of the Rural Development Programme Ireland 2007-2013*. Baineadh leas an maoiniú seo chun 1,056 feabhsúchán bonneagair a dhéanamh i sráidbhailte agus i bpobail ar fud na tíre, agus cruthaíodh 568 post agus tacaíodh le 662 beart nua turasóireachta. Bunaíodh an Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíochta i Limistéir Thuaithe (CFELT) chun iniúchadh agus tuairisciú a dhéanamh ar an bpoitéinseal eacnamaíochta faoin tuath in Éirinn.

Faoin *gClár um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail (CFAP)* cuireadh maoiniú de €54m ar fáil do chomhlachtaí forbartha áitiúla ionas go bhféadfaidís an Clár a chur i bhfeidhm sa bhliain 2012. Cuireadh tacaíocht ar fáil faoi CFÁP do 46,261 duine ionas go bhféadfaidís dul isteach san fhórsa oibre, agus i gcás 7,054 duine d'imigh siad ar aghaidh le bheith fostaithe nó féinfhostaithe.

Cuireadh maoiniú de €15.85m ar fáil do thionscadail sa réigiún trasteorann faoin gclár cómhaoinithe AE PEACE III 2007-2013 agus cuireadh €2.41m ar fáil faoin gclár cómhaoinithe AE INTERREG IVA 2007-2013 chun cuidiú leis an athmhuintearas idir phobail ar mhaithe le sochaí chomhroinnte agus le comhoibriú trasteorann a chothú agus ionas go gcruthófaí réigiún níos rathúla, níos inbhuanaithe.

Seoladh Tuarascáil an Fhórait maidir le Daonchairdeas agus Tiomsú Airgid i mí Iúil, agus moladh go n-ardófaí an méid a thagann isteach sna hearnálacha daonchairdiúla agus tiomsaithe airgid ó €500m go €800m in aghaidh na bliana faoi 2016.

Déanann an tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta) 2012 rialú ar shíntiúis pholaitiúla chorparáideacha agus áiríonn seo beart chun laghdú, go leath an mhéid, ar an maoiniú Stáit do pháirtithe polaitíochta murar mná iad ar a laghad 30% de na hiarrthóirí agus fir ar a laghad 30% de na hiarrthóirí sa chéad olltoghchán eile. Foráiltear leis an Acht Toghcháin (Leasú) 2012 go n-úsáidfean an t-eolas ar an gclár toghthóirí do roghnú na mball saoránach den Tionól Bunreachtúil. Foilsíodh an Bille Toghcháin (Leasú) (Dáilcheantair) 2012 agus moltar ann go dtabharfaí éifeacht reachtach do na moltaí atá i dTuarascáil an Choimisiúin Dáilcheantair 2012. Foráiltear leis an mBille freisin go laghdófaí chuig 158 líon iomlán na mball i nDáil Éireann (faoi láthair tá 166 ball /TD ann) agus go ndéanfaí leasú ar dháilcheantair. Bunaíodh Coiste Dáilcheantair Áitiúil freisin chun athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh maidir le teorainneacha na ndáilcheantar i gcomhthéacs thorthaí *Dhaonáireamh 2011* agus *Putting People First: Action Programme for Effective Local Government*.

Reáchtáladh dhá reifreann sa bhliain 2012 ag baint leis an gConradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eorpach agus Airgeadaíochta agus le cearta leanaí.

Lean Met Éireann lena dhul chun cinn agus suiteáladh córas nua/feabhsaithe réamhaisnéise oighir ar na bóithre (METRo) agus seoladh aip Met Éireann m.met.ie. Mar pháirtí sa Chuibhreannas EC-Earth, agus chun tacú leis an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012, chuir Met Éireann réamhtheilgin dhomhanda ar fáil maidir leis an aeráid amach anseo go dtí deireadh 2100.

Tráth a bhfuil mórshrian ar chúrsaí, is mór agam méid na hiarrachta a éilíodh de bharr na gclár éagsúil ghnó ag an Roinn. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe, bíodh sin ar bhonn aonair nó foirne, chun toradh an-mhaith a bhaint amach le linn 2012 ar fud na Roinne agus a Gníomhaireachtaí.

Tá mé lánmhuíneach go leanfaimid ag brú ar aghaidh ár gcláir oibre gnó sa bhliain 2013, chun tacú leis an téarnamh náisiúnta agus chun cur leis an méid suntasach atá bainte amach go dtí seo.

Geraldine Tallon
Ard-Rúnaí

Achoimre ar Phríomhnithe a Baineadh Amach sa bhliain 2012

Tithíocht

- Cuireadh 1,259 aonad tithíocht ar fáil ón aonad léasaithe, 5,451 faoin SCC. De bhreis air sin, cuireadh breis is 1,000 aonad nua de chóiríocht shóisialta ar fáil trí mheán na n-údarás áitiúil agus trí na comhlachtaí ceadaithe tithíochta.
- Infheistíodh breis is €100m i gclár athbheochana i mBaile Átha Cliath, Luimneach, Corcaigh, Port Láirge, Trá Lí, Dún Dealgan agus Sligeach.
- Tharla dul chun cinn chomh maith ar roinnt beart a bhí ann mar réiteach ar riaráistí morgáiste, ina measc: cuireadh ar bun Próiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste; seoladh treoirleabhar leasaithe maidir le riaráistí morgáiste; bunaíodh an scéim 'Morgáiste le cur ar Cíos d'iasachtaithe príobháideacha; agus bunaíodh scéim phíolótach 'Morgáiste le cur ar Cíos' do dhaoine le hiasachtaí leis an údarás áitiúil.
- Foilsíodh National Implementation Framework chun tacú le Housing Strategy for People with a Disability 2011-2016.
- Bhain 10,004 teaghlach leas as an Scéim Deontais chun Oiriúnú a dhéanamh ar Thithe do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas, ag costas iomlán ar an Státchiste de €55m.
- Foilsíodh Resolving Unfinished Housing Developments: Progress Report on Actions to Address Unfinished Housing Developments, agus National Housing Development Survey, Summary Report.
- Ag teacht leis an Plean Náisiúnta Forfheidhmithe don Straitéis maidir le hEaspa Dídine, cuireadh tús le prótacal maoiniúcháin le haghaidh Réigiún Bhaile Átha Cliath i mí Eanáir, agus cuireadh tús le Prótacal Réigiún an Oirdheisceart i mí na Samhna.

Uisce

- B'ionann caiteachas iomlán an Státchiste ar sheirbhísí uisce agus séarachais sa bhliain 2012 agus €308 milliún agus den méid sin caitheadh €40 milliún faoin gClár Uisce Tuaithe.
- Cuireadh i gcrích 56 conradh/scéim seirbhísí uisce le linn na bliana agus bhí obair ag dul ar aghaidh ar 77 conradh ag deireadh na bliana.
- Athshlánaíodh 222 km de pháibáin soláthair phoiblí uisce.
- Tar éis an creat reachtúil ba ghá a bhunú faoin Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012, seoladh an córas nua clárúcháin le haghaidh na gcóras

fuíolluisce teaghlaigh ar an 26 Meitheamh. Chláraigh breis is 300,000 duine sna 6 mí tosaigh (agus fuarthas breis is 430,000 clárúchán faoi dheireadh R1 2013). D'fhógair an tAire scéim nua deontais chun cuidiú le teaghlaigh a ndéanfar cigireacht ar a gcórais agus a mbeidh gá ansin obair feabhsúcháin a chur i gcrích ar a gcórais.

- Bheartaigh an Rialtas i mí Aibreáin go mbunófaí *Irish Water* mar fhochuideachta neamhspleách laistigh den Ghrúpa Bord Gáis Éireann.
- Cheadaigh an Rialtas straitéis chuimsitheach don chlár leasaithe uisce agus d'fhoilsigh an Roinn an straitéis sin i mí Dheireadh Fómhair. Cuireadh tús leis an obair ar na mórshruthanna oibre faoin straitéis i gcomhar le húdaráis áitiúla agus le Bord Gáis.
- D'eisigh Bord Gáis agus an Roinn cúpla cuireadh chun tairisceana le haghaidh gnéithe den chlár méadraithe uisce i R4 2012.
- Le linn 2012 tugadh an Bille um Sheirbhísí Uisce 2012 chomh fada lena achtú i mí Márta 2013 ionas go bhféadfaí *Irish Water* a bhunú agus feidhm comhairleach a shannadh ar an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRF), i ndáil le rialáil eacnamaíochta seirbhísí uisce.

An Comhshaol

- Cheadaigh agus d'fhoilsigh an Rialtas Creat nua uileghabhálach maidir le Forbairt Inbhuanaithe, *Our Sustainable Future*, le linn 2012. Anuas air sin, seoladh Plean Gnímh maidir le Soláthar Poiblí Glas, *Green Tenders*. Cuireadh gné eile de chur i bhfeidhm céimneach an chlár oibre maidir le héifeachtacht acmhainní ar fáil tráth ar foilsíodh beartas nua don bhainistiú dramhaíola, *A Resource Opportunity*, i mí Iúil, chomh maith le méadú breise ar an tobhach líonta talún go €65 in aghaidh an tona agus cuireadh tús le hathbhreithniú cuimsitheach ar Thionscnaimh maidir le Freagracht an Táirgeora (TFTanna).
- Foilsíodh clár d'fhorbairt an bheartais agus na reachtaíochta náisiúnta aeráide i mí Eanáir agus bhí an soláthar ar sprioc tríd is tríd faoi dheireadh na bliana, réachtáladh próiseas comhairliúcháin, chuir Ardrúnaíocht na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíoch & Shóisialta (CNES) i gcrích dhá phársa shuntasacha anailíse maidir le roghanna beartais don todhchaí, tá reachtaíocht maidir le Heads of Climate ag céim forbartha agus foilsíodh an Creat Náisiúnta Oiriúnaithe um Athrú Aeráide.
- Beartaíodh ar bhonn le haghaidh feabhsuithe breise ar cháilíocht an aeir tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcosc ar ghual toiteach. Dá bhun sin cuireadh síneadh le teorainneacha na limistéar ina bhfuil cosc ar ghual toiteach cheana féin, glacadh cinneadh an cosc a chur i bhfeidhm i 7 mbaile bhreise agus cuireadh cosc le dó guail thoitigh sna limistéir choisc,

ag teacht leis an gcosc atá ann faoi láthair ar mhargaíocht, díol agus dáileach.

- Bhí dul chun cinn breise ann ar dhéileáil lenár ndualgais ghéilliúlachta faoi dhlí an AE agus faoin dlí idirnáisiúnta, agus laghdáíodh an líon cásanna “beo” de shárúithe comhshaoil ó 15 go 12, déileáladh go tráthúil, tríd is tríd, le trasúimh a tháinig chun cinn i rith na bliana, agus daingníodh roinnt Coinbhinsiún agus Prótacal, lena n-áirítear Coinbhinsiún Aarhus, le linn na bliana.
- Cuireadh i gcrích clár substaintiúil oibre le linn na bliana agus muid ag ullmhú d’Uachtaránacht na hÉireann ar an AE i gcéad leath na bliana 2013. Ag deireadh na bliana, bunaíodh clár soiléir de thosaíochtaí Uachtaránachta in Earnáil an Chomhshaoil agus cuireadh i gcrích clár cuimsitheach de chruinnithe leis an gCoimisiún Eorpach, le Parlaimint na hEorpa, le hArdrúnaíocht na Comhairle agus le Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe.
- Mar thoradh ar thionscadal faoi stiúir na Roinne a reáchtáil foireann neamhspleách de shaineolaithe idirnáisiúnta, arna choimisiúnú ag Éirinn agus iad ag obair de réir socraithe Malartaithe Eolais Rialtas go Rialtas idir Éirinn agus an RA, cuireadh i gcrích measúnú cuimsitheach ar a mbaol a d’fhéadfadh bheith ann d’Éirinn ó tharluithe ag suíomh núicléach Sellafield,. Tátaí an mheasúnaithe sin ná nach dtarlódh aon “éifeachtaí inbhraite sláinte” d’Éirinn dá sceithfeadh ábhar radaighníomhach.

Rialtas Áitiúil agus an Toghchóras

- Foilsíodh *Putting People First: Action Programme for Effective Local Government*, treophlean gnímh don athchóiriú agus tá a chur i bhfeidhm idir lámha chun struchtúr, feidhmeanna, maoiniú agus maoirseacht an rialtais áitiúil a athrú.
- Leagadh amach go soiléir an timpeallacht forbartha áitiúla agus pobail, agus leagadh síos clocha míle, i bplean cuimsitheach forfheidhmithe a chuideoidh le baint amach rannpháirtíochta níos fearr an phobail agus ról níos lárnaí don rialtas áitiúil sa réimse seo.
- Agus an t-athrú oibríochtúil á dhéanamh, trí chur i bhfeidhm *Keeping Communities Safe*, leanfar ag tabhairt tús áite don tsábháilteacht agus cosc dóiteáin fad is a dhéanfar cuíchóiriú ar an soláthar seirbhíse.
- Mar thoradh ar ról leanúnach na Roinne i mbainistiú agus i gcur i bhfeidhm an mhoratóra agus an laghdaithe ar líon foirne faoi Comhaontú Pháirc an Chrócaigh laghdáíodh an líon d’fhoireann rialtais áitiúla faoi 1,400 Coibhéis Láncaimseartha le linn 2012. D’éirigh le húdaráis áitiúla €119.1m a choigilt le linn na tréimhse tuairiscithe faoin gComhaontú – suas go dtí Márta 2012.

- Foilsíodh first report of the Local Government Efficiency Review Implementation Group agus straitéis fiontar agus post an rialtais áitiúil, Supporting Economic Recovery and Jobs – Locally.
- Achtaíodh an tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2012 mar ar laghdaíodh líon na ngníomhaireachtaí faoi shainchúram na Roinne ó 21 go 10.
- Achtaíodh an tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta) 2012 a rialaíonn deontais pholaitiúla chorparáideacha agus a áiríonn beart chun go dtí leath an mhéid ar an maoiniú Stáit a thugtar do pháirtithe polaitíochta murar mná iad ar a laghad 30% de na hiarrthóirí agus fir iad 30% de na hiarrthóirí ag an gcéad olltoghchán eile.
- Achtaíodh an tAcht Toghcháin (Leasú) 2012 ina bhforáiltear go n-úsáidfear eolas ón gclár thogthóirí chun baill saoránach den Tionól Bunreachtúil a roghnú
- Foilsíodh An Bille Toghcháin (Leasú) (Dáilcheantair) 2012 a bhfuil beartaithe leis éifeacht reachtúil a thabhairt do na moltaí i dTuarascáil an Choimisiúin an Toghláigh 2012. Forálann an Bille freisin go laghdófaí go 158 an líon iomlán de bhaill i nDáil Éireann (faoi láthair tá 66 ball/T.D. sa Dáil) agus go ndéanfaí leasú ar na Dáilcheantair.
- Bunaíodh Coiste Teorann Limistéir Toghcheantair freisin.

Pobail agus Forbairt Tuaithe

- Chuir Grúpa Stiúrtha um Ailíniú an Rialtais Áitiúil/na Forbartha Áitiúla moltaí faoi bhráid an Aire, agus ansin cheadaigh an Rialtas iad agus d'fhoilsigh iad i mí Dheireadh 2012.
- Cuireadh maoiniú de €53m ar fáil faoi Axes 3 & 4 de Chlár Forbartha Tuaithe na hÉireann 2007-2013. Trí leas a bhaint as an maoiniú seo cuireadh i gcrích 1,056 feabhsúchán bonneagair i sráidbhailte agus i bpobail ar fud na tíre, cruthaíodh 568 post agus cuireadh tacaíocht ar fáil le haghaidh 662 beart nua turasóireachta.
- Bunaíodh an Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíochta na Limistéar Tuaithe CFELT chun iniúchadh agus tuairisciú a dhéanamh ar an bpoitéinseal eacnamaíochta faoin tuath in Éirinn.
- Faoin gClár Forbartha Áitiúil agus Pobail (CFAP) cuireadh maoiniú de €54m ar fáil do chomhlachtaí forbartha áitiúla ionas go gcuirfí an Clár i bhfeidhm sa bhliain 2012. San iomlán chuidigh CFAP le 46,261 duine dul isteach sa mhargadh fostaíochta, le 7,054 duine post a fháil nó bheith féinfhostaithe.

- Seoladh Tuarascáil an Fhóraitim um Daonchairdeas agus Tiomsú Airgid i mí Iúil 2012, agus mhol an fóram sin go méadófaí an méid a thugann na hearnálacha daonchairdiúla agus tiomsaithe airgid isteach ó €500m go €800m in aghaidh na bliana faoin mbliain 2016.
- Lean an Roinn ag soláthar 50% den tacaíocht airgid d'Aonaid Chuimsithe Shóisialta na nÚdarás Áitiúil sa bhliain 2012.
- Cuireadh maoiniú de €15.85m ar fáil le haghaidh tionscadal sa réigiún trasteorann faoin gclár cómhaoinithe AE PEACE III 2007-2013 agus cuireadh €2.41m ar fáil faoin gclár cómhaoinithe AE INTERREG IVA 2007-2013.
- Ba í 2012 an 54ú bliain de chomórtas na mBailte Slachtmhara agus fuarthas 850 iontráil, an líon is mó go dtí seo.

Pleanáil

- Foilsíodh an leagan deiridh díobh seo:
 - Na Treoirínte Pleanála Miondíola agus leabhrán neamhrechtúil Lámhleabhar Dearaidh Miondíola; agus
 - Na Treoirínte maidir le Pleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.
- Foilsíodh na Dréacht-treoirínte seo le haghaidh an chomhairliúcháin phoiblí:
 - Ranníocaíochtaí Forbartha (críochnaithe agus foilsithe i mí Eanáir 2013);
 - Treoirínte um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTR) (críochnaithe agus foilsithe i mí Márta 2013); agus
 - Treoirínte plean limistéir áitiúil agus lámhleabhar dearaidh (a bhfuiltear ag súil é a chur i gcrích agus a fhoilsiú i R2, 2013).
- Foilsíodh Tuarascáil um Athbhreithniú Pleanála agus ceapadh saineolaí neamhspleách pleanála chun measúnú a dhéanamh ar gach beart atá sonraithe sa tuarascáil um athbhreithniú pleanála agus chun aon bhearta breise a mholadh a measfaí gá a bheith leo.
- Ainmníodh na limistéir Lotaí Thuaidh agus Duga na Canálach Móire de Dhughthailte Bhaile Átha Cliath ina gCriosanna Straitéiseacha Forbartha (CSFanna).
- Seoladh Myplan.ie go luath i mí Aibreáin; cuireann sé córas foriomlán monatóireachta ar fáil do 400+ plean reachtúil forbartha rialtais áitiúil agus pleananna limistéir áitiúil ar fud na tíre.

Met Éireann

- Rinneadh ionsamhlúcháin aeráide domhanda i gcomhar leis an gcuibhreannas EC-Earth; cuireadh sonraí ar fáil don Tionscadal um Shamhaltú Idirchomparáide Cúpláilte (CMIP5) le cur faoi bhráid an Phainéil Idir-rialtais um Athrú Aeráide (PIAA) dá Chúigiú Tuarascáil Measúnachta (TM5). Forbraíodh táscairí dearbhaithe cáilíochta.
- Tionsaíodh agus foilsíodh na Meáin Fhadtéarmacha inar cuimsíodh na príomhpharaiméadair aeráide (báisteach, teocht agus grian).
- Ceannaíodh suíomh nua monatóireachta i nDairbhre agus cuireadh tús le hobair bhonneagair chun tacú le cláir bhreathnóireachta.
- Cuireadh tús leis an gcéad chéim den chóras táirgthe agus scaipthe eolais chun rabhadh a thabhairt. Cuireadh réamhaisnéis nua iar-phróiseáilte ar fáil. Seoladh aip Met Éireann, *m.met.ie*.
- Suiteáladh córas nua/feabhsaithe réamhaisnéise oighir ar bhóithre (METRo).
- Cuireadh an cás gnó le haghaidh uathobriú na dtuarascálacha eitlíochta faoi bhráid na Roinne agus ghlac an Roinn leis.

Acmhainní a Sholáthar sa Roinn Nua-aimseartha

- Leanadh ag cur i bhfeidhm na ngealltanas faoi *Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh)* agus faoin *gClár um Athbhreithniú Oibríochtúil* de réir Pleananna foilsithe Gnímh.
- Mar chuid den soláthar acmhainní don Roinn le haghaidh na n-ullmhúchán d'Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach sa chéad leath de 2013 bhí seo a leanas: athlonnú na foirne ar fud na Roinne chun tacú le rannóga a mbeadh ualach níos mó oibre orthusan d'Uachtaránacht an AE; cuireadh foirne Tras-Rannach/gníomhaireachta i mbun oibre i roinnt réimsí; agus rinneadh socruithe solúbtha tras-srutha idir an fhoireann theicniúil agus an fhoireann riaracháin.

Caibidil 1

Tithíocht

Cuspóir Ardleibhéil

Cuidiú le teaghlaigh fáil a bheith acu ar thithíocht mhaith ardchaighdeán a bheadh oiriúnach don teaghlach sin agus a bheadh ina rogha pobal.

An Scéim Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta (SITS)

Nithe a Baineadh Amach sa Bhliain 2012:

- Tharla athstruchtúrú leanúnach ar SITS mar ar cuireadh 1,259 aonad ar cíos, agus rinneadh 5,451 aistriú nua faoin Scéim Cóiríochta ar Cíos agus b'ionann an glanchostas air sin agus díreach breis is €146 milliún. Rinne na samhlacha sin suas breis is trí cheathrú den soláthar iomlán tithíochta sóisialta le haghaidh 2012, agus seo ag teacht leis na cuspóirí sa *Housing Policy Statement*, 2011;
- De bhreis air sin, cuireadh breis is 1,000 aonad nua de chóiríocht shóisialta ar fáil trí mheán na n-údarás áitiúil agus trí na comhlachtaí ceadaithe tithíochta, lena n-áirítear tithíocht dóibhsean i gcatagóir shonrach riachtanais tithíochta.
- Leanadh ag cur le ról na hearnála deonaí agus comhoibríthí chun dul i ngleic le riachtanais tithíochta sóisialta, trí fheabhas a chur ar an gcreat rialála deonach don earnáil agus trí áiseanna don iasachtú díreach ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe a chur ar fáil.
- Leanadh leis an infheistiú i gcláir Athbheochana agus caitheadh breis is €100 milliún ar raon tionscadal a raibh mar aidhm leo athbheochan a dhéanamh ar thimpeallachtaí tábhachtacha fisiceacha i mBaile Átha Cliath, Luimneach, Corcaigh, Port Láirge, Trá Lí, Dún Dealgan agus Sligeach.
- Bhain 10,004 teaghlach leas as an Scéim chun Tithíocht a Chur in Oiriúint do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas, a chosain €55 milliún ar an Stáitchiste.
- Leanadh leis an gclár uaimhianach d'Aisfheistiú agus Feabhsúchán Fuinnimh le linn 2012 agus cuireadh feabhas ar 2,115 aonad den údarás áitiúil le maoiniú de €19 milliún ón Roinn.
- Cuireadh aonaid bhreise ar fáil tríd an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS). Cuireadh 126 aonad ar fáil sa bhliain 2012, agus 102 díobhsan le haghaidh tithíochta shóisialta. Cuireadh na haonaid seo ar fáil trí léasanna airgeadais a sholáthar, trí na húdaráis áitiúla agus trí chlár infheistíochta tithíochta deonaí. Bhunaigh an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní aonán sainchuspóireach (ASC), ar a dtugtar

National Asset Residential Property Services Limited (NARPSL), chun tithíocht a fháil ó fhorbróirí nó ó fhaighteoirí i bpunann GBSN d'iasachtaí chun iad seo a chur ar fáil d'údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBs) trí léas fadtéarmach a chur ar fáil. Tá GBSN, i gcomhar leis an Roinn, tar éis léas caighdeánach a fhorbairt a úsáidfear i ngach socrú léasa a dhéanfaidh CCTanna le ASC. Cuideoidh na bearta seo aonaid GBSN a chur ar fáil níos luaithe don tithíocht shóisialta agus táthar ag díriú ar an sprioc 2,000 a chur ar fáil.

An príomhfhócas ó thaobh tacaí tithíochta a sholáthar ná go bhfreastalódh an Roinn ar na riachtanais is práinní ag daoine nach féidir leo cóiríocht a fháil dá mbeidís ag brath ar a n-acmhainní féin. An aidhm leis seo na tacaí ná tithíocht shóisialta a sholáthar ar bhealaí costéifeachtacha, atá curtha in oiriúint do riachtanais daoine ag pé céim den saol ag a bhfuil siad.

Bíonn SITS ag soláthar cóiríochta ardchaighdeáin, ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, dóibhsean a bhfuil gá acu le tithíocht. Cuirtear maoiniú ar fáil do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) chun cóiríocht oiriúnach shóisialta ar cíos a sholáthar faoin Scéim Cúnaimh Chaipitil dóibhsean a bhfuil riachtanais shonracha tithíochta acu, mar shampla daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus daoine gan dídean.

Faoi SITS cuirtear i bhfeidhm clár oibreacha feabhsúcháin náisiúnta freisin i ndáil le stoc tithíochta an údaráis áitiúil agus clár d'athbheochan fisiceach, sóisialta agus eacnamaíochta d'eastáit agus do choimpléacsanna árasán atá i drochchaoi. Anuas air sin, tá clár i bhfeidhm de dheontais agus tacaíocht do thithíocht phríobháideach chun feabhas a chur ar choinníollacha maireachtála na ndaoine atá ina gcónaí ina dtithe féin, ag díriú go háirithe ar dhaoine scothaosta agus ar dhaoine faoi mhíchumas.

An Coiste Náisiúnta Comhordúcháin le haghaidh Forbairtí Neamhchríochnaithe Tithíochta

Bunaíodh Coiste Náisiúnta Comhordúcháin le haghaidh Forbairtí Neamhchríochnaithe Tithíochta (CNC) i mí an Mheithimh 2011, faoi chathaoirleacht an Aire Tithíochta agus Pleanála, chun cur leis na hiarrachtaí chun fadhbanna a réiteach a bhaineann le forbairtí neamhchríochnaithe tithíochta. Ar an gCoiste tá ionadaithe na gcónaitheoirí, na Roinne, na n-údarás áitiúil, na mbaincéirí, na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS). Leanadh le linn 2012 leis an Tionscnamh um Shábháilteacht Phoiblí, a tugadh isteach sa bhliain 2011, chun dul i ngleic leis na rioscaí sláinte is tromchúisí a bhaineann leis na heastáit is measa.

Sa bhliain 2012 luaigh an CNC go raibh Pleananna Réitigh Suímh (PRSanna) ina n-uirlisí tábhachtacha chun réiteach a fháil ar fhadhbanna a bhaineann le forbairtí neamhchríochnaithe tithíochta. Cuidíonn na pleananna sin le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear forbróirí, údaráis áitiúla, institiúidí airgeadais, GBSN

agus cónaitheoirí comhoibriú lena chéile chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcaoi is fearr réiteach a fháil ar na suíomhanna fadhbacha.

Foilsíodh Resolving Unfinished Housing Developments: Progress Report on Actions to Address Unfinished Housing Developments, i mí Iúil 2012, agus leagadh amach ann an dul chun cinn a bhí déanta chun dul i ngleic leis na fadhbanna do chónaitheoirí na bhforbairtí neamhchríochnaithe tithíochta tríd an bPróiseas Réitigh Suímh agus tríd an Tionscnamh um Shábháilteacht Phoiblí. Cuireadh síos ar an bpróiseas sin freisin sa tuarascáil National Housing Development Survey, Summary Report, a foilsíodh i mí na Samhna 2012. I measc na nithe a baineadh amach laghdaíodh faoi 37% líon na bhforbairtí neamhchríochnaithe ó 2010 agus baineadh amach laghdú de 27% ar líon na n-aonad atá folamh ó 2010.

Cuireadh an dá dhoiciméad ar fáil ar www.environ.ie. Díreofar le linn 2013 ar dhul i ngleic leis na forbairtí cónaitheacha sin a bhfuil an-drochbhail orthu agus nach bhfuil inmharthana go tráchtála.

Léasú agus GBSN

Mar thoradh ar athbhreithniú ar na castachta a bhaineann le maoin a chur ar fáil mar thithíocht shóisialta, bhunaigh an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) aonán sainchuspóireach (ASC) sa bhliain 2012 ar a dtugtar National Asset Residential Property Services Limited (NARPSL). An cuspóir leis an ASC seo ná maoin a fháil ó fhorbróirí nó ó fhaighteoirí i bpunann iasachtaí GNBS agus iadsan a chur ar fáil d'údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) trí léas fadtéarmach a chur ar fáil. Ar an gcaoi seo, féadtar dul i ngleic le roinnt den chastacht a bhaineann le maoin a fháil agus féadtar an próiseas a chur chun cinn go gasta. Le tamall anuas bhí GNBS ag forbairt léasa chaighdeánaigh i gcomhar leis an Roinn a mbainfear úsáid as le haghaidh na socruithe léasa go léir a dhéanfaidh CCTanna le ASC. Brostóidh na bearta sin soláthar na n-aonad tithíochta sóisialta a chuirfidh GNBS ar fáil agus iad ag díriú ar bhaint amach na sprice de 2,000 aonad.

Riaráistí Morgáiste

Ag teacht lena bhfuil sonraithe i gCód Iompraíochta an Bhainc Ceannais, a cuireadh ar fáil in ionad an chóid ó 1 Eanáir 2011 agus a bhí bunaithe ar bhreithniúcháin an Ghrúpa Saineolaithe um Riaráistí Morgáiste agus Fiachas Pearsanta, d'eisigh an Roinn seo treoir nuashonraithe agus chuir sin chuig údaráis áitiúla i mí an Mheithimh 2012, i gcomhar le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach. Tá an treoir seo tar éis cuidiú le húdaráis áitiúla raon roghanna solúbtha aisíocaíochta a sholáthar do theaghlaigh atá i dtrioblóid lena morgáistí údaráis áitiúil.

Go háirithe, tugadh isteach Próiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste (PRRM), atá an-chosúil leis an raon roghanna atá ar fáil san earnáil tráchtála, agus cuireann seo socruithe éagsúla malartacha ar fáil d'iasachtóirí a bhfuil deacrachtaí acu,

agus is féidir leas a bhaint as seo chun réiteach éigin a fháil ar na cúinsí áirithe i ngach cás. Cinntíonn seo go gcaitear de réir a chéile agus go comhbhách le hiasachtaithe a bhfuil iasachtaí acu leis an údarás áitiúil agus deacrachtaí acu leis na hiasachtaí sin. Cuireadh treoir shonrach agus oiliúint ar fáil d'údaráis áitiúla le linn 2012 chun déileáil le riaráistí morgáiste.

De bhun na moltaí i dTuarascáil Keane maidir le riaráistí morgáiste, seoladh scéim 'morgáiste le cur ar cíos' ar bhonn píolótach i mí Feabhra 2012. Cuireadh an scéim seo i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta i mí an Mheithimh 2012, ag spríodhíriú ar theaghlach ísealioncaim nach bhfuil a morgáiste inbhuanaithe a thuilleadh agus i gcás nach bhfuil mórán dóchais ann go n-athródh an scéal go suntasach go róluath. Bunaíodh scéim píolótach d'iasachaithe údaráis áitiúil in dhá údarás le linn 2012. Leathnófar amach an scéim ar fud na tíre le linn 2013.

Cosaint Taiscí Tionóntachta

Tá gealltanais ann i gClár an Rialtais 2011 go mbunófar scéim cosanta taiscí tionóntachta chun cosaint a thabhairt do thaiscí tionóntaí san earnáil phríobháideach chíos. D'fhoilsigh an Roinn tuarascáil ar fhéidearthacht na scéim sin i mí na Nollag 2012 agus beidh sin ina bhonn eolais do chur i gcrích beartas i ndáil leis seo agus tabharfar éifeacht do na forálacha reachtúla a eascróidh as sa Bhille um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) (Uimh. 2) 2012.

An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Foilsíodh *National Implementation Framework* chun tacú le *Housing Strategy for People with a Disability 2011 – 2016* an Rialtais i mí Iúil 2012. Leagtar amach sa chreat raon beart chun tacú le daoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách ina dtithe féin, seachas dul i gcúram cónaitheach, trí réitigh tithíochta a sholáthar atá láráithe ar an duine agus bunaithe sa phobal, chomh maith le measúnú príomhshrutha a dhéanamh ar an riachtanas tithíochta agus trí phrótacail a thabhairt isteach do chomhoibriú agus freagraí éifeachtacha idirghníomhaireachta .

Easpa Dídine

Leanadh le cur i bhfeidhm *The Way Home, the National Homeless Strategy 2008-2013*. De réir an ghealltanais atá i gClár an Rialtais, rinneadh athbhreithniú ar an Straitéis maidir le hEaspa Dídine ag féachaint le ráiteas faoi bheartas easpa dídine a cheapadh. De réir an Phlean Forfheidhmithe Náisiúnta don Straitéis maidir le hEaspa Dídine, cuireadh tús le prótacal cineachta maoiniúcháin do Réigiún Bhaile Átha Cliath i mí Eanáir, agus cuireadh tús le Prótacal Réigiún an Oirdheiscirt i mí na Samhna. Tá obair ag dul ar aghaidh ar phrótacail a fhorbairt do réigiúin eile.

Caibidil 2

Uisce

Cuspóir Ardleibhéil

Acmhainní uisce agus éiceachórais uisce-spleách a chosaint agus a fheabhsú; bonneagar seirbhísí uisce a sholáthar chun tacú le fás inbhuanaithe agus le cosaint an chomhshaoil, socruithe nua rialachais agus praghsála a thabhairt isteach do sholáthar agus bainistiú seirbhísí uisce; agus a chinntiú go ndéanfar rialáil iomchuí ar an earnáil uisce.

An Clár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce

An infheistíocht a dhéanann an Stát i seirbhísí uisce cuireadh sin ar fáil tríd an gClár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce (CISU) agus tríd an gClár Uisce Tuaithe (CUT), atá cineachta den chuid is mó do na húdaráis áitiúla. B'ionann caiteachas iomlán an Stáitchiste ar na cláir seo sa bhliain 2012 agus €308 milliún, i gcomparáid le €429 milliún sa bhliain 2011.

Cuireadh i gcrích 56 conradh/scéim le linn 2012, cuireadh tús le 55 eile, agus bhí obair ag dul ar aghaidh ar 22 eile. I gcás 16 de na conarthaí/scéimeanna críochnaithe bhain siad le fuíolluisce agus méadaíodh an acmhainneacht cóireála fuíolluisce dá bharr chun freastal ar dhaonra de 305,100 (coibhéis daonra (cd)). Bhain 20 conradh eile le hoibreacha caomhnaithe uisce agus bhain na conarthaí eile le huisce, ag déileáil go príomha leis an liosta do Ghníomhartha Feabhais.

Leis an obair seo cinnteofar go mbeidh an séarachas a scaoilfear isteach inár n-aibhneacha, lochanna agus in uiscí ar an gcósta, chomh maith le huisce óil ar an gcaighdeán is airde go hidirnáisiúnta, go gcuirfear leis an acmhainneacht chun freastal ar riachtanais tionscal agus ar dhaonra a bheidh ag fás amach anseo, agus go rachfar i ngleic le sileadh na líonraí dáileacháin soláthair uisce phoiblí.

Tacaíocht ón gCiste Rialtais Áitiúil

Cuireadh leithdháileadh airgid speisialta ón Rialtas Áitiúil de beagnach €12 mhilliún ar fáil d'údaráis áitiúla sa bhliain 2012 chun cistiú a dhéanamh orthu seo:

- costais shamplála chun go mbeifí cinnte go bhfuiltear ag cloí le caighdeáin maidir le huisce óil agus fuíolluisce a scaoiltear agus iarratais a dhéantar ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh eisiltí fuíolluisce (€5.86m);
- caiteachas oibríochtúil ar ionaid cóireála fuíolluisce sa chéad dá bhliain tar éis a gcur i gcrích (€5.24m) agus;
- costais oiliúna na foirne atá i mbun oibríochtaí seirbhísí uisce agus soláthair bonneagair (€0.88m)

Uisce Tuaithe

B'ionann an méid a chaith an Stáchtiste faoin gClár Uisce Tuaithe sa bhliain 2012 agus €39.7 milliún. I gClár 2012 leanadh ag díriú ar fheabhas a chur ar scéimeanna beaga uisce phoiblí agus fuíolluisce agus ar bhearta chun grúpscéimeanna uisce a bheith ag comhlíonadh na gcaighdeán náisiúnta maidir le huisce óil le béim ar leith ar chur i bhfeidhm na mbeart tosaíochta chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce i ngrúpscéimeanna uisce atá foinisithe go príobháideach, go príomha trí uasghrádú, nó soláthar ionad nua cóireála uisce na ngrúpscéimeanna chuig soláthair phoiblí. Den chaiteachas €39.7 milliún, bhain €17.7 milliún le scéimeanna beaga poiblí agus bhain beagnach €17 milliún le grúpscéimeanna uisce.

Caomhnú Uisce

Tá caomhnú uisce ina príomhthosaíocht faoin Scéim Infheistíochta i Seirbhísí Uisce (SISU), agus déantar an infheistíocht sna réimsí tosaíochta atá ainmnithe ag údaráis áitiúla le haghaidh tionscal athshlánaithe/athsholáthair ina réimsí. Faoin gclár ceadófar athshlánú ar 640 km den phríomhlíonra. Tá sé beartaithe é a spriocdhíriú go háirithe ar limistéir ina bhfuil an méid uisce gan tásc an-ard. Fuair an Roinn breis is €39milliún ar ais ó údaráis áitiúla i dtionscadail caomhnaithe uisce sa bhliain 2012.

Formhór na hinfeistíochta a rinne na húdaráis áitiúla go dtí seo bhain sí le córais bainistithe uisce agus le sileadh ó na píobáin a bhrath agus is réamhobair riachtanach é sin don dianchlár athshlánúcháin príomhlíonraí uisce atá á gcur i bhfeidhm go céimneach faoi SISU. Rinneadh 222 km de pháibáin soláthair uisce phoiblí a athshlánú sa bhliain 2012.

Athchóiriú na hEarnála Uisce

Bheartaigh an Rialtas go mbunófaí *Irish Water*, cuideachta uisce faoi úinéireacht an Stáit, mar fhochuideachta neamhspleách laistigh den Ghrúpa Bird Gáis Éireann, agus beidh an chuideachta nua ar an údarás seirbhísí uisce agus beidh sé freagrach as infheistíocht sa bhonneagar seirbhísí uisce agus as an mbonneagar sin a fheidhmiú ina ról mar sholáthraí uisce phoiblí óil agus seirbhísí fuíolluisce do theaghlaigh, do chustaiméirí tráchtála agus do chustaiméirí tionsclaíochta in Éirinn. Beidh sé freagrach as an gclár méadraithe uisce do chóiríocht phríobháideach dá bhforáiltear i gClár an Rialtais. Cheadaigh an Rialtas straitéis chuimsitheach forfheidhmithe don chlár athchóirithe uisce agus d'fhoilsigh an Roinn í i mí Dheireadh Fómhair agus rinneadh obair ar mhór-shruthanna oibre faoin straitéis i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus le Bord Gáis. Cheadaigh an Rialtais an Bille um Sheirbhísí Uisce 2012 chun *Irish Water* a bhunú agus chun feidhm chomhairleach a shannadh don Choimisiún um Rialáil Fuinnimh i ndáil le rialáil eacnamaíochta seirbhísí uisce. D'eisigh Bord Gáis agus an Rialtas gnéithe den chlár méadraithe i R4 2012. Achtaíodh an Bille um Sheirbhísí Uisce i mí Márta 2013. Déileálfaidh reachtaíocht chuimsitheach eile sa bhliain 2013 le gach gné d'aistriú na bhfeidhmeanna seirbhísí uisce ó údaráis áitiúla chuig *Irish Water*.

Cáilíocht Uisce

Cuireadh i gcrích cleachtadh cuimsitheach scóipe ar an reachtaíocht go léir a bhaineann le Cáilíocht uisce agus bhí sin ina chéad chéim den uasghrádú ar an gcreat reachtúil sa réimse seo.

I mí Feabhra 2012 cuireadh tús le tionscadal chun an chéad chéim den Chreat-treoir Straitéise Mara a chur i bhfeidhm. Áirithe ann tá Measúnú Tosaigh, cinneadh maidir le Stádas Maith Comhshaoil (SMC) agus bunú na spriocanna agus na dtáscairí comhshaoil.

I maith an dul chun cinn a bhí ann i ndáil le comhaontú na socruithe rialachais leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC). Tá sé beartaithe freagrachtaí breise a shannadh do Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach CCA agus do na húdaráis Áitiúla atá ceannasach i ngach Ceantar Abhantraí chun an Creat-treoir Uisce a chur i bhfeidhm.

Tancanna Seipteacha

Ritheadh an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012, a thug isteach reachtaíocht nua agus córas cigireachta do chórais fuíolluisce teaghlaigh ar 2 Feabhra 2012. Ina dhiaidh sin rinne an tAire roinnt rialachán chun éifeacht a thabhairt don Acht. Cuireadh tús le clárú tancanna seipteacha ar 26 Meitheamh 2012. D'ardaigh an táille go €50 d'iarratais i ndiaidh an dáta sin. Cuireadh i bhfeidhm go céimneach le linn 2012 roinnt feachtas poiblíochta chun teaghlaigh a chur ar an eolas faoina ndualgais faoin reachtaíocht nua agus fuarthas rinneadh 300,000 clárúchán faoi dheireadh na bliana sin (bhí breis is 430,000 clárúchán déanta faoi dheireadh R1 2013). Tugann Daonáireamh 2011 le fios go bhfuil 497,281 córas cóireála fuíolluisce teaghlaigh in Éirinn agus tá go dtí 1 Feabhra 2013 ag úinéirí na córais sin a chlárú. I mí na Nollag 2012, d'fhógair an tAire scéim deontais d'úinéirí tí a gcinneadh, de bhun cigireachta faoin reachtaíocht nua, go mbeidh gá obair feabhsúcháin nó uasghrádaithe a dhéanamh ar a gcórais. Leagfar amach sonraí na scéime i rialacháin a dhéanfaidh an tAire sula gcuirfeadh tús le cigireachtaí le linn 2013.

Pleanáil Mara agus Urthrá

Leanadh ag comhlíonadh na bhfeidhmeanna reachtúla faoi na hAchtanna um Imeall Trá le linn 2012, lena n-áirítear 32 iarratas nua le haghaidh toilithe agus glacadh 33 cinneadh i gcásanna ar láimh. De bhreis air sin, bunaíodh Grúpa Monatóireachta an Chomhshaoil i ndáil le an ghné de Phíblíne Gáis na Corribe a bhaineann leis an imeall trá i mí Márta 2012, agus réachtaladh 4 chruinniú i rith na bliana. Rinneadh obair ar an Scéim Ginearálta Bille chun nuachóiriú a dhéanamh ar phróiseas an imill trá le linn 2012.

Caibidil 3

An Comhshaol

Cuspóir Ardleibhéil

An comhshaol a chosaint agus sláinte an duine a chur chun cinn, agus cur le forbairt an gheilleagair ghlais agus leis na hiarrachtaí domhanda in aghaidh an athraithe aeráide, go díreach nó trína chinntiú go ndéantar dálaí comhshaoil agus forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú le bearta geilleagair agus earnála.

Forbairt Inbhuanaithe

Foilsíodh creat forbartha inbhuanaithe nua - *Our Sustainable Future: A Framework for Sustainable Development for Ireland* – i mí an Mheithimh. Is é seo an chéad ath-mhúnlú suntasach ar an mbeartas sa réimse seo ó foilsíodh an chéad Straitéis Forbartha Inbhuanaithe sa bhliain 1997, *Our Sustainable Future* creat nua-aimseartha chun beartas forbartha inbhuanaithe a bhaint amach agus leagann sé raon beart sceidealaithe amach a bhfuil mar aidhm acu an cháilíocht saoil reatha a fheabhsú sa lá atá inniu ann agus amach anseo.

Gníomh tábhachtach bainteach leis seo ná foilsiú an chéad phlean ghníomhaíochta ag Éirinn um soláthair phoiblí ghlais, *Green Tenders*, go luath sa bhliain 2012. Aidhm fhoriomlán an phlean ná cumhacht shuntasach chaithim agus ról ceannaireachta na n-údarás áitiúil a ghíaráil chun an margadh a spreagadh i dtreo earraí, seirbhísí agus oibreacha a sholáthar a bhaineann éifeachtúlacht acmhainne agus truailliú laghdaithe amach.

Beartas Dramhaíola

Sa bhliain 2012 cuireadh beartas nua bainistíochta dramhaíola náisiúnta ar bun, *A Resource Opportunity*, a sheol an tAire i mí Iúil. Tugann an beartas nua tacaíocht mhór do chur i bhfeidhm ghrádlathais dramhaíola agus leagann sé amach bearta chun aghaidh a thabhairt ar na mórcheisteanna i ngach leibhéal den ghrádlathas sin, chomh maith le bearta atá bainteach le planáil bainistíochta dramhaíola, forfheidhmiú reachtaíochta dramhaíola agus athbhreithniú ar rialáil an mhargaidh bhailiúcháin.

Mar chuid den bheartas chun teacht ar bhealaí eile dramhaíl a dhiúscairt, seachas i líonadh talún, ardaíodh an tobhach líonta talún go €65 in aghaidh an tona i mí Iúil. De bhreis ar seo, cuireadh measúnú de gach ceann de na 10 bplean bainistíochta dramhaíola réigiúnacha i gcích mar chuid den phróiseas ullmhaithe dá n-athsholáthar le 3 phlean nua, faoi struchtúr nua 3 réigiún, le linn 2013/14. Tosaíodh ar athbhreithniú suntasach ar na Tionscnaimh maidir le Freagracht an Táirgeora (TFTanna) le linn na bliana chomh maith.

Beartas Aeráide

Foilsíodh Clár d'fhorbairt beartais agus reachtaíochta aeráide náisiúnta i mí Eanáir, a leagann amach na céimeanna agus na príomhspriocanna maidir le dul chun cinn sa réimse céanna thar 2012 agus 2013. Ag deireadh 2012, bhí soláthar an chláir ag dul de réir an phlean, san iomlán. Reáchtáladh próiseas comhairliúcháin phoiblí, le breis is 600 aighneacht faighte, agus chuir Ardrúnaíocht CNES dhá phársa anailíse shuntasacha i gcrích maidir le roghanna beartais amach anseo. De bhreis air seo, cuireadh reachtaíocht do Cheannairí Aeráide chun cinn i rith 2012 agus foilsíodh an reachtaíocht sin i mí Feabhra 2013

Gné shuntasach eile den dul chun cinn i soláthar an chláir ná foilsiú an *Chreata Náisiúnta Oiriúnaithe um Athrú Aeráide* i mí na Nollag, rud a chuir an comhthéacs beartais ar fáil don fhreagra straitéiseach náisiúnta oiriúnaithe don athrú aeráide in Éirinn. Faoin gCreat seo, cuireadh de shainchúram ar na Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí agus údarais áitiúla éagsúla dul i mbun pleananna áitiúla oiriúnaithe a ullmhú agus dréachtaí na bpleananna sin a fhoilsiú roimh lár 2014.

Cáilíocht Aeir

Dhearbhaigh monatóireacht a rinne an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus údarais áitiúla go bhfuil an cháilíocht thimpeallach aeir in Éirinn go maith go fóill agus fós i measc na dtíortha is fearr san Eoraip. I ndiaidh próisis de chomhairliúcháin athbhreithnithe poiblí i mí Aibreáin, rinneadh na rialacháin maidir leis an gcosc ar ghual toiteach a nuashonrú agus a dhaingniú chun éifeachtúlacht na bhforálacha a threisiú, agus i measc na n-athruithe sin bhí:

- Athbhreithniú ar theorainneacha reatha limistéir an choisc ghuaile chun leathnú forbartha uirbí a tharla ó cruthaíodh na Príomh-Rialacháin sa bhliain 1998 a chur san áireamh;
- Leathnú an choisc (ó mhí Bealtaine 2013) go seacht mbaile nua – Na Clocha Liatha, Litir Ceanainn, An Muileann gCearr, An Uaibh, An Droichead Nua, Port Laoise agus Baile Chill Mhantáin; agus
- Cosc tugtha isteach ar ghual biotúmanach a dhó chun tacú leis an gcosc a bhí ann cheana féin ar “mhargaíocht, díol agus dáileadh” na dtáirgí féin, agus is dócha go mbeidh seo ina bhonn agus taca ag aidhm fhoriomlán na rialachán sa chosc ar ghual toiteach chun feabhas ar cháilíocht aeir agus sláinte chónaitheoirí na gcathracha agus na mbailte a chinntiú.

Beartas Radaíochta Comhshaoil

Cuireadh tionscadal bliantúil i gcrích sa bhliain 2012 a bhí á stiúradh ag an Roinn inar reáchtáil foireann de shaineolaithe idirnáisiúnta, coimisiúnaithe ag Éirinn agus ag obair faoi Mhalartú Eolais Rialtas go Rialtas idir Éirinn agus an RA, measúnú cuimsitheach de na rioscaí is dóchúla d'Éirinn dá dtarlódh tionóisc ag suíomh núicléach Sellafield. Rinne na saineolaithe an dóchúlacht a chainníochtú maidir le tionóisc ag tarlú i Sellafield óna sceithfí ábhair

radaighníomhacha, mar a luadh sa doiciméad achomair a foilsíodh, agus dar leo ní bheadh “éifeachtaí inbhraite sláinte” ann d’Éirinn.

De bhreis ar sin, bunaíodh Grúpa Straitéise Náisiúnta um Rialú Radóin chun Straitéis Náisiúnta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar thionchar radóin, gás a tharlaíonn go nádúrtha agus a ardaíonn an baol go dtiocfadh ailse scamhóg ar an duine. Leis an Roinn mar Chathaoirleach air, rinne an Grúpa dul chun cinn suntasach le linn 2012 in ullmhú dréacht-straitéise, a bhfuiltear ag súil í bheith eisithe don chomhairliúchán poiblí i R2 2013.

Gnóthaí Comhshaoil AE agus Idirnáisiúnta

Ós rud é go bhfuil gné dhomhanda ag baint le han-chuid de na príomhdhúshláin chomhshaoil, an t-ábhar a bhí mar thosaíocht go fóill sa bhliain 2012 ná cur le cruthú beartais comhshaoil agus gníomhú dá réir ag leibhéal an AE agus na NA. Bhí ionadaíocht ann don Aire ag 4 chruinniú fhoirmiúla ag Comhairle Comhshaoil an AE agus ag 2 Chruinniú Neamhfoirmiúla Airí faoi Uachtaránacht na Danmhairge agus na Cipire. Le hUachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an AE san áireamh a tharla sa chéad leath de 2013, cuireadh béim shuntasach ar shocruithe maidir le maoirseacht na Roinne ar an gclár gnó comhshaoil agus ar ghnéithe gnó eile ag an leibhéal Eorpach le linn 2012.

Lean an Roinn chomh maith de bheith i ndlúthchomhair leis an gCoimisiún Eorpach, le ENRanna comhshaoil agus le páirtithe leasmhara eile le linn 2012 maidir le haghaidh a thabhairt ar shárúithe comhshaoil nár réitíodh fós. Laghdaíodh líon na gcásanna sáraithe comhshaoil á bhí á mbainistiú ag ár Roinn agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ó 15 go 12, agus táthar ag súil go mbeidh tuilleadh laghdúithe ann sa bhliain 2013, rud a thabharfaidh líon na gcásanna oscailte faoi bhun a deich. Tá dul chun cinn comhchosúil ar siúl chun aghaidh a thabhairt ar líon na gcásanna réamhsháraithe píolótacha “beo”, a laghdaíodh ó 21 go 15 le linn 2012. De bhreis air sin, rinneadh dul chun cinn maith sa bhliain 2012 ar roinnt Coinbhinsiún agus Prótacal Idirnáisiúnta a dhaingniú, lena n-áirítear Coinbhinsiún Aarhus maidir le rochtain a fháil ar eolas, cinnteoireacht agus ceartas i ngnóthaí comhshaoil.

Ag leibhéal idirnáisiúnta, bhí Éire páirteach sa Chomhdháil Rio+20 maidir le Forbairt Inbhuanaithe i Rio de Janeiro i mí an Mheithimh. Príomhthoradh na Comhdhála ná gur glacadh le *The Future We Want*, inar thug ballstáit NA gealltanas maidir le forbairt Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe, Clár Comhshaoil treisithe NA laistigh den chóras reatha na NA, bunú Fóraim Pholaitiúil Ardleibhéal idir-rialtais maidir le Forbairt Inbhuanaithe agus bunú próisis chun roghanna a ullmhú do straitéis airgeadais um fhorbairt inbhuanaithe.

Bhí Éire páirteach chomh maith san 18ú Comhdháil Páirtithe (COP18) do Chreat-Choinbhinsiún na NA um Athrú Aeráide in Doha, Qatar i mí na Samhna/Nollag. Chuir COP18 leis an dul chun cinn a tharla i gCOP Durban i maidir le forbairt agus glacadh, faoi 2015, le comhaontú nua amháin maidir leis

an aeráid, a bheadh ina cheangal dlí, agus a bheadh i bhfeidhm ar iarrachtaí maolaithe gach Páirtí sa Choinbhinsiún ó 2020 ar aghaidh. Leathnaigh sé tiomantais Phrótacail Kyoto don dara tréimhse suas go 2020, chun a bheith de réir theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe dhomhanda nua a bhfuiltear ag súil leis.

Forbairtí sa Tuaisceart/Deisceart agus Oirthear/Iarthar

Sa bhliain 2012, reáchtáladh trí chruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (Earnáil an Chomhshaoil). Lean na hAirí de bheith ag plé saincheisteanna nár réitíodh mar shampla bainistíocht dramhaíola, aisdúichiú dramhaíola ón Deisceart ar dumpáladh go mídhleathach í i dTuaisceart Éireann, cur i bhfeidhm Chreat-Treoir Uisce an AE agus tuairisciú agus taighde comhshaoil. Tugadh cáilíocht aeir isteach mar cheist nua sa chlár gnó sa chruinniú a tharla i mí an Mheithimh 2012.

Leanadh leis an obair chomh maith a bhí ag tarlú trí Chomhairle na Breataine-na hÉireann (Earnáil an Chomhshaoil) maidir le dul chun cinn a dhéanamh i gcomhoibriú Oirthir/Iarthair sna gnóthaí comhleasa i réimse an chomhshaoil. Reáchtáladh cruinniú Airí i nDún Éideann i mí Mheán Fómhair 2012 a raibh an bhithéagsúlacht mar théama plé ann.

Caibidil 4

Rialtas Áitiúil agus an Toghchóras

Cuspóir Ardleibhéil

Rialtais áitiúla a mhúnlú agus a fhorbairt, agus tacaíocht a thabhairt dóibh, le gur féidir leo bheith mar ionadaithe do phobail agus freastal ar phobail go héifeachtach agus go héifeachtúil.

I réimse an Toghchórais, beartais, reachtaíocht agus córais a fhorbairt mar phríomhghnéithe an leasaithe thoghchánaigh.

Clár Gnímh don Rialtas Áitiúil Éifeachtach: Tús Áite do Dhaoine

Ar an 16 Deireadh Fómhair 2012, fógraíodh cinneadh fadréimseach an Rialtais maidir le leasú agus forbairt ar fud chóras an rialtais áitiúil agus foilsíodh é mar chuid den doiciméad beartais Action Programme for Effective Local Government: Putting People First. Leagann an Clár Gnímh amach raon beart leasaithe agus forbartha maidir le struchtúir, feidhmeanna, rialáil agus gnóthaí oibríochta an rialtais áitiúil ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar laigí, acmhainneacht a fheabhsú agus feidhmíocht sa chóras iomlán a threisiú.

Tabharfar reachtaíocht chun tosaigh a fhorálfaidh go gcuirfear i bhfeidhm Clár Gnímh i rith 2013 agus beifear ag súil lena achtú roimh na toghcháin áitiúla 2014, tráth a dtiocfaidh formhór na leasuithe i bhfeidhm.

Mar chuid den Chlár Gnímh, is é an rialtas áitiúil a bheidh ar an bpríomhuirlis rialachais agus seirbhíse poiblí ag an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear ról ceannasach a ghlacadh i soláthar tacaíochtaí do mhicrifhiontair agus d'fhorbairt an gheilleagair i gcoitinne. Sa chomhthéacs seo, d'fhoilsigh an Roinn, i gcomhar le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC) straitéis fiontar agus post an rialtais áitiúil, Supporting Economic Recovery and Jobs – Locally. Bhí an straitéis seo, a chuireann creat tábhachtach ar fáil d'údaráis áitiúla chun forbairt a dhéanamh ar a straitéisí áitiúla maidir le forbairt geilleagair agus tacaíocht fiontar le Plean Gnímh an Rialtais um Phoist a stiúradh, tacaithe ag foilsíú na tuarascála dea-chleachtais Local Authority Support to Enterprise and Business – Analysis of Economic Templates de chuid CBCC. Tá an dá dhoiciméad ag soláthar uirlisí úsáideacha d'údaráis áitiúla chun a gcuid gníomhaíochtaí d'fhorbairt geilleagair a gceantair áitiúla a leasú agus a threisiú.

Chuir an Grúpa Feidhmiúcháin, a bhfuil cathaoirleach neamhspleách air agus a bunaíodh chun cur i bhfeidhm na moltaí sa Report of the Local Government Efficiency Review Group a mhaoirsiú agus a stiúradh, a chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn faoi bhráid an Aire. Tháinig an Grúpa le chéile 12 uair i rith na

bliana, agus mar chuid dá gclár oibre bhí dréachtú a gcéad tuarascála ar dhul chun cinn eile arna chur faoi bhráid an Aire i R2 2013.

Cumaisc na nÚdarás Áitiúil

Cuireadh Pleananna Forfheidhmithe, a leagann cláir oibre agus treoir amach faoin gcur i bhfeidhm agus an dul chun cinn sa phróiseas cumaisc de na húdaráis áitiúla i Luimneach agus Tiobraid Árann, i gcrích i mí an Mheithimh agus mí na Nollag 2012, faoi seach. Cuireadh tuarascáil Choiste Rialtais Áitiúil Phort Láirge i gcrích i mí Márta 2012. D'fhaomh an Rialtas i mí Dheireadh Fómhair 2012, ag teacht leis an gClár Gnímh um Rialú Áitiúil Éifeachtach, bunú údaráis áitiúil amháin in ionad Chomhairlí Cathrach agus Contae Phort Láirge de réir mar a bhí molta ag an gCoiste. Táthar tar éis grúpa feidhmithe a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar an obair ullmhúcháin agus an cur i bhfeidhm tosaigh sa phróiseas atheagraithe i bPort Láirge agus táthar ag súil go soláthrófar Plean Forfheidhmithe roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2013.

Leasuithe Rialtais Áitiúil

Tá socruithe i bhfeidhm sa Roinn, in údaráis áitiúla agus i ngníomhaireachtaí chun clár oibre Leasaithe na Rialtais Áitiúil a chomhordú agus a stiúradh. Bunaíodh Clár Bainistíochta Oifige agus Bord Maoirseachta ardleibhéil chun cur i bhfeidhm na leasuithe a stiúradh san Earnáil Rialtais Áitiúil, le béim ar leith ar sholáthar seirbhíse comhroinnte agus seachtrach.

I mí Aibreáin 2012, rinne an Roinn, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí measúnú cuimsitheach chun réimsí oibre/próisis fhéideartha a aithint, idir nua is reatha, a d'fhéadfaí a sholáthar (go féideartha) ar bhealach níos cost-éifeachtaí trí mhodhanna soláthair malartacha. Cuireadh torthaí an iniúchta faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Cuireadh an Plean Gnímh um Sheirbhísí Comhroinnte in Earnáil an Rialtais Áitiúil faoi bhráid an Rialtais sa bhliain 2012. Forálann an Plean do 31 réimse oibríochta ar a ndéanfar iniúchadh mar réimsí féideartha don tseirbhís chomhroinnte nó do chur chuige comhoibritheach eile a d'fhéadfadh éifeachtacht a fheabhsú.

Chun tacú leis an earnáil bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an meascán de laghduithe foirne agus athruithe eagraíochta, chomh-reáchtáil údaráis áitiúla agus an Roinn Staidéar Fórsa Oibre. Déanann sé measúnú, ach go háirithe, ar riachtanais bhainistíochta na n-údarás áitiúil le haird ar na tionchair fhéideartha a bheadh ag seirbhísí comhroinnte agus tionscnaimh athchóirithe eile. Táthar i mbun obair phleanála Fórsa Oibre ag leibhéil an údaráis áitiúil agus na ngníomhaireachta.

Mar bhunspríoc inghnóthaithe faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh tá nascadh na hoibre a rinne an fhoireann atá ag imeacht ar scor le hobair na foirne atá fágtha agus ní mór na seirbhísí a chaomhnú. Ar an mbonn seo, tá údaráis áitiúla tar éis leanúint de bheith ag soláthar seirbhísí poiblí

ardchaighdeáin trí chuíchóiriú iostaí agus ranna agus tabhairt isteach cleachtas oibre, uainchlár agus tionscnaimh nua eile chun déileáil leis an laghdú foirne.

Lean an suíomh gréasáin *Fixyourstreet.ie* – an soláthar céimneach de *Fixyourstreet.ie*, de bheith i bhfeidhm sa bhliain 2012. Tacaíonn an suíomh gréasáin, ar a ndearna Comhairle Contae Dheisceart Bhaile Átha Cliath píolótú, le cónaitheoirí a luann go bhfuil fadhbanna le soilsiú sráide, draenáil, graifítí, bailiú dramhaíola agus cothabháil bóithre agus cosán ina gceantair féin. Cuimsíonn an suíomh gréasáin mapáil idirghníomhach, a chuireann ar chumas úsáideoirí léarscáil ar líne a aimsiú den suíomh beacht dá bhfuil an fhadhb nó an tsaincheist ag tagairt. Cuireadh i bhfeidhm an suíomh gréasáin go céimneach i 7 n-údarás áitiúla roimh dheireadh na bliana 2012 (Comhairle Contae Dheisceart Bhaile Átha Cliath, Cathair Bhaile Átha Cliath, Fine Gall, Cathair Phort Láirge, Contae na Gaillimhe, Cill Dara, An Iarmhí) agus tá 16 údarás eile ag na hard-chéimeanna tástála (Laois, Maigh Eo, An Mhí, Deisceart Thiobraid Árann, Ros Comáin, Sligeach, Contae Phort Láirge, Loch Garman, Cill Mhantáin).

Bainistíocht Acmhainní Daonna in Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha

Tá an Roinn páirteach i gCoiste Feidhmithe na nÚdarás Áitiúil do Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh). Tá bainistíocht agus cur i bhfeidhm moratóra agus laghduithe san fhoireann tar éis dul os cionn 8,900 ó 37,243 (Meitheamh 2008) go 28,343 (Nollaig 2012) sa líon foirne coibhéise lánaimseartha fostaithe in earnáil an rialtais áitiúil. Laghdaíodh líon foirne na n-údarás áitiúil 1,400, coibhéis lánaimseartha, le linn 2012.

Rinne údaráis áitiúla coigilteas de €119.1m (comhdhéanta de €73.2m de bharr laghduithe i líon na foirne. €15.2m i gcostais eile bainteach le pá ar nós laghduithe sa ragobair agus ó liúntais, agus €30.7m i gcostais eile neamhphá) sa dara tréimhse tuairiscithe faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh – suas go mí Márta 2012.

Tugadh isteach téarmaí aoisliúntais do bhainisteoirí nua-cheaptha in údaráis áitiúla i mí Iúil, ag teacht leis na téarmaí leasaithe aoisliúntais d'Ard-Rúnaithe nua-cheaptha.

Gníomhaireachtaí

Achtaíodh an tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2012 i mí an Mheithimh agus cuireadh sé an creat dlíthiúil ar fáil chun tuilleadh cur i bhfeidhm a dhéanamh ar chlár cuíchóirithe Gníomhaireachtaí na Roinne. Le linn 2012, cuireadh bearta breise maidir le clár cuíchóirithe na Roinne i bhfeidhm, agus tá líon iomlán na ngníomhaireachtaí tar éis laghdú ó 21 go 10.

Tharla laghdú breise de 58 i líon foirne na ngníomhaireachtaí le linn 2012, le 739 san iomlán ann ag deireadh na bliana, i gcomparáid leis an mbuaicphointe de 951 ag deireadh 2008 – laghdú iomlán de 212.

Díscaoileadh an Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil (BSBRÁ) agus an Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil (BSRRÁ) agus aistríodh a bhfeidhmeanna chuig an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) nuabhunaithe.

Díscaoileadh An Chomhairle Leabharlanna agus comhchuimsíodh a bpríomh-fheidhmeanna iarmharacha sa GBRÁ. Tharla coigilteas i dtéarmaí costas bliantúil oibríochta de €1m de bharr an díscaoilte agus coigilteas bliantúil ar chíos don Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (GTPI) de €150,000 de bharr aistrithe réadmhaoine ón gComhairle chuig an nGníomhaireacht Tithíochta.

Bunaíodh an GTPI agus cuíchóiríodh feidhmeanna na dtrí Ghníomhaireacht (An Ghníomhaireacht Tógála Náisiúnta, An Chomhpháirtíocht Tithíochta Inacmhainne agus an tIonad Taighde Tithíochta).

Díscaoileadh Gníomhaireachtaí Athnuachana Thuaisceart agus Dheisceart Luimnigh agus aistríodh a bhfeidhmeanna chuig an Oifig Athnuachana faoi Chomhairle Cathrach Luimnigh.

Dhíscaoil Acht Bhord na gCuntas Díomhaoin (Leasú) 2012 Bord na gCuntas Díomhaoin le héifeacht ón 31 Nollaig 2012.

Rinneadh athbhreithnithe criticiúla ar chumasc fhéideartha i roinnt de Ghníomhaireachtaí na Roinne agus Comhlachtaí Poiblí agus d'eascair cinneadh go ndéanfaí an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (IÉCR) a chumasc faoi lár 2014.

Coinneofar an clár cuíchóirithe gníomhaireachtaí faoi athbhreithniú, le gach moladh ón bPlean Athchóirithe don tSeirbhís Phoiblí curtha san áireamh, sa mhéid go bhfuil gach gníomhaireacht atá faoi shainchúram na Roinne i gceist. Tá an Clár Oibre Athchóirithe/Éifeachtachta, faoi mar atá leagtha amach sa Phlean Athchóirithe don Earnáil Phoiblí, á chur i bhfeidhm sna Gníomhaireachtaí atá faoi shainchúram na Roinne.

Córas na Leabharlann Phoiblí

Lean an Roinn, le comhoibriú ó údaráis leabharlann, de bheith ag cur chun cinn fheidhmiú an chlár infheistíochta caipitil don chóras leabharlann poiblí. Cuireadh €5m ar fáil do 11 údarás áitiúil sa bhliain 2012 faoin gclár caipitil do leabharlanna poiblí.

Leithdháileadh €220,000 in íocaíochtaí ar údair faoin Scéim Iasachta Poiblí/Luacha Saothair. Cinnfíonn an scéim go bhfaigheadh údair incháilithe, a bhfuil a leabhair ar fáil ar iasacht i leabharlanna poiblí, luach a gcuid saothair.

Maoiniú d'Údaráis Áitiúla

Lean údaráis áitiúla orthu de bheith ag obair thar raon leathan gníomhaíochtaí ina róil shóisialta, gheilleagair agus chomhshaoil. Léiríonn an caiteachas reatha buiséadaithe do 2012 de €4.4 billiún fairsinge chlár na n-údarás áitiúil le thart ar €1.1 billiún curtha ar fáil trí Chiste na Rialtas Áitiúil (CRÁ). Iomlán na leithdháiltí Deontais Ilfhóintigh chuig údaráis áitiúla do 2012 ná €637 milliún. Sa mhéid go raibh gá caiteachas poiblí a laghdú, ba laghdú 9.6% é seo ó 2011. Cibé scéal é, bhí sé fós ina ranníocaíocht shuntasach do chistí an rialtais áitiúil.

Bhí comhionannú, i dtéarmaí leithdháiltí deontas ilfhóinteach ón gCiste Rialtas Áitiúil chuig údaráis áitiúla, fós ina phríomhghné den phróiseas leithdháilte. Cuireann seo san áireamh raon leathan tosca a bhfuil tionchar acu na costais do gach údarás áitiúil de bheith ag cur seirbhísí ar fáil, chomh maith leis an ioncam is féidir leo go léir a ghnóthú go háitiúil.

Muirear Teaghlaigh, An Cháin Mhaoine Áitiúil agus an Muirear do Thithe Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha

Bhí tábhacht ar leith ag baint le tabhairt isteach an Mhuirir Teaghlaigh i rith 2012 don chóras rialtais áitiúil. Bailíodh thart ar €114m do chaiteachas údaráis áitiúil roimh dheireadh na Nollag 2012 faoin bhfoinse ioncaim nua seo. Bhí luach suntasach ag an Muirear Teaghlaigh chomh maith toisc gurb é a bhí mar réamhtheachtair do thabhairt isteach na Cánach Maoine Áitiúil (CMÁ) atá á fheidhmiú ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá an CMÁ ann in áit an Mhuirir Teaghlaigh agus beidh sé mar mhaoiniú do rialtais áitiúla amach anseo. Tá an ráta comhlíonta de 70% tar éis tacaíocht shuntasach a sholáthar i gcinntiú go bhfuil clár téagartha réadmhaoine dlite ar fáil i gcur i bhfeidhm na CMÁ. In éineacht leis na hacmhainní breise a ghinfidh an CMÁ, cabhróidh tabhairt isteach na cánach, chomh maith leis an tsraith athruithe níos leithne san Action Programme for Effective Local Government: Putting People First, le hathnuachan agus athbheochan a dhéanamh don ghaol idir an t-údarás áitiúil agus pobail áitiúla.

Bailíodh thart ar €70m ón Muirear do Thithe Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha (MTCNP, nach bhfuil ach bliain amháin eile sa tsaolré aige). San iomlán, tá €295m bailithe ag an Muirear sna ceithre bliana ó cuireadh i bhfeidhm é. Is í 2013 an bhliain dheireanach don Mhuirear bheith i bhfeidhm.

Mótarcháin

Ag deireadh 2012, bhí 2.4 milliún feithicil ar bhóithre na hÉireann, laghdú beag ón 2.42m a bhí ann ag deireadh 2011. Thairis sin, mhéadaigh ioncam ón mótarcháin 4.38% sa bhliain 2012 go €1,054.7m, suas ó €1,010.4m sa bhliain 2011. Ón ioncam le haghaidh 2012, aistríodh €46.5m chuig an Stáitchiste ó Chiste an Rialtais Áitiúil mar bheart chun an t-easnamh náisiúnta a laghdú.

Tharla an méadú seo de bharr na méaduithe a fógraíodh i gCáinainéis 2012. D'éagmais na méaduithe sin, meastar go mbeidh laghdú ioncaim de thart ar

€954m (laghdú 5.5%) ann, toisc gur thiontaigh daoine go gluaisteáin astaíochtaí ísle. Faoi Nollaig 2012, bhí líon na ngluaisteán CO₂ ag 438,904, nó díreach os cionn 23% de gach feithicil phríobháideach. Tá 90% den loingear CO₂ sna bandaí ísle A go C, agus 10% i mBandaí D go G. Sa bhliain 2012, don chéad uair riamh, bhí leath na ngluaisteán nua-chláráithe sa Bhandá A, an Banda is lú astaíochta – ó 2008 bhí tromlach na ngluaisteán i mbanda B. Aithnítear go bhfuil seo ag comhlíonadh na cuspóra comhshaoil san athrú struchtúr cánach a tharla sa bhliain 2008, ach ceaptar go bhfuil laghdú leanúnach i mbonn na mótarchánach i ndán toisc go bhfuil an loingear le hinnill níos sine ag imeacht agus gluaisteáin atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaoil atá teacht isteach ina n-áit.

Rinne an Roinn againne agus an Roinn Airgeadas, dá réir sin, comhathbhreithniú ar an mbandáil charbóin don Cháin Chláráithe Feithiclí (CCF) agus an mhótarcháin araon sa bhliain 2012. I ndiaidh an athbhreithnithe, tá struchtúr nua, a tugadh isteach ón 1 Eanáir 2013, tar éis foráil go ndéanfaí, don CCF agus don mhótarcháin, an Banda CO₂ a roinnt ina cheithre bhandá éagsúla agus an banda B a roinnt ina dhá chuid. Don mhótarcháin amháin, tá banda nua nialasach tugtha isteach d'fheithiclí leictreacha. Aithnítear sa bhandá leasaithe go bhfuil gluaisteáin atá ag dul i bhfeabhas i gcónaí ó thaobh éifeachtachta breosla de ar fáil níos minice an t-am ar fad agus forálann an banda d'idirdealú sa dreasacht chomhshaoil i bhfabhar na bhfeithiclí is éifeachtaí ó thaobh breosla de, agus bheith ag cur le bonn mótarchánach níos seasmhaí.

Fógraíodh méaduithe eile mótarchánach do 2013 i gCáinainneis 2013. An méadú sa mhótarcháin don chuid is mó de chatagóirí feithicle ná 7.5%. Beidh méaduithe bunráta idir €10 agus €92, i gcéimeanna chun a bheith i bhfabhar gluaisteán a bhfuil ráta níos lú astaíochta acu, i bhfeidhm ar ghluasteáin ar a ngearrtar cáin bunaithe ar astaíochtaí CO₂, le meán de 19.8%. Meastar go nginfidh na méaduithe seo thart ar €86.5m.

Pleanáil Dóiteáin agus Éigeandála

Le linn 2012, lean an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála, tríd a Bhord Bainistíochta agus a Choiste Comhairleach, lena thiomantas le feabhas leanúnach seirbhíse a bhaint amach, le béim ar leith ar shábháilteacht in oibríochtaí na seirbhíse dóiteáin.

Cuireadh “Keeping Communities Safe” (KCS), tionscnamh beartais suntasach chun athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí dóiteáin in Éirinn agus chun straitéis chuí sábháilteachta dóiteáin a chruthú don todhchaí, i gcrích sa bhliain 2012 i ndiaidh próiseas comhairliúcháin leathan. Ghlac Bord Bainistíochta na Stiúrthóireachta Náisiúnta leis agus mhol siad é le bheith mar bheartas náisiúnta, agus d'fhaomh an tAire é. Tugann an cur chuige maidir le soláthar seirbhíse a mholtar in KCS aghaidh ar roinnt mórcheisteanna atá ann le fada (e.g. caighdeán, comhsheasmhacht sa chur chuige agus luach ar airgead) sa tseirbhís dóiteáin. Molann sé cur chuige de “sheirbhísí roinnte”, rud a laghdóidh

líon na n-aonad soláthair seirbhíse ó 30, atá ann anois, go 21. Seoladh KCS i R1 2013, agus tá clár forfheidhmithe lena mbeidh an Stiúrthóireacht Náisiúnta agus údaráis áitiúla bainteach le teacht thar an tréimhse 2013-2015.

Lean Bainistíocht Móréigeandála de bheith ina thosaíocht fócais i rith na bliana, leis an Roinn freagrach as freagairt do chineálacha éagsúla tarluithe, mar an Roinn Cheannasach Rialtais (RCR). Rinne sé freagairt dhá uair do chásanna mar RCR i rith 2012 agus tá sé ag leanúint de bheith ag daingniú socruithe gnáis chun feabhas a chur ar comhordú freagairtí dá leithéid. Forbraíodh roinnt doiciméad treorach agus prótacal freagartha i rith 2012 chun tacú leis an gCreat Bainistíochta Móréigeandála, le traenáil agus imeachtaí forbartha ann go minic.

Tá sláinte agus sábháilteacht lucht comhraic dóiteáin túsline ina thosaíocht dúinn. Sa bhliain 2012, rinne an Stiúrthóireacht Náisiúnta dul chun cinn breise ina chlár pleanáilte de bheith ag eisiúint Gnáth-Threoirínte Oibríochta (GTO) chun údaráis dóiteáin a threorú maidir le raon mórcheisteanna oibríochta.

Chuir an Clár Lárnach Oiliúna 15 cinn de chúrsaí agus seimineáir ar fáil chun tacú leis an oiliúint atá á chur ar fáil ag údaráis dóiteáin.

Seoladh feachtas sábháilteachta dóiteáin don oileán uile, i gcomhar leis an Northern Ireland Fire and Rescue Service, i mí Dheireadh Fómhair i rith na Seachtaine Náisiúnta Sábháilteachta Dóiteáin.

Faoi chlár caipitil €6 mhilliún, osclaíodh stáisiúin dóiteáin nua i mBaile Mhuineacháin (Ceannáras) agus i Meathas Troim. Ghlac na húdaráis dóiteáin le 6 fhearas dóiteáin nua, agus cuireadh orduithe isteach do 15 fhearas dóiteáin nua san iomlán – le 2 cheann eile sa phróiseas tairisceana – faoi chomh-thionscnamh soláthair.

Toghchóras

Tháinig deireadh leis an Tionscadal Vótála agus Comhairimh Leictreonaigh sa bhliain 2012. I ndiaidh comórtas tairisceana poiblí, ag teacht le hoibleagáidí comhshaoil agus eile, cuireadh conradh athshlánaithe don trealamh vótála leictreonaí i gcrích ar an 12 Meán Fómhair 2012. Rinneadh socruithe chun deireadh a chur leis na léasanna ábhartha ag réadmhaoin a úsáidtear chun an trealamh a stóráil.

Chun forbairt na reachtaíochta maidir le hathchóiriú toghcháin a bhaint amach, achtaíodh 2 Bhille agus foilsíodh 1 Bhille sa bhliain 2012.

Déanann an tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitiúil) 2012, a achtaíodh ar an 28 Iúil 2012, foráil go ndéanfaí:

- srian a chur ar shíntiúis pholaitíochta chorparáideacha;
- clár de na deontóirí corparáideacha ar fad;

- na tairseacha fáltais agus dearbhuithe síntiúis pholaitíochta a laghdú, agus;
- ceangaltas do pháirtithe polaitiúla chun cuntais airgeadais a ullmhú le cur isteach chuig an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí arna fhoilsiú

Cuimsíonn an tAcht beart chomh maith a bhfuil mar aidhm aige maoiniú ón Stát go páirtithe polaitíochta a laghdú, go leath den méid a bhíodh ann, mura bhfuil ar a laghad 30% de mhná agus 30% d'fhir mar iarrthóirí ag an gcéad olltoghchán eile. Tá an figiúr seo le méadú go 40% seacht mbliana óna dháta tosaithe.

Forálann an tAcht Toghcháin (Leasú) 2012, achtaithe ar an 18 Iúil 2012, d'úsáid eolais sa chlár toghthóirí chun saoránaigh atá mar bhaill den Tionól Bunreachtúil a roghnú.

Foilsíodh an Bille Toghcháin (Leasú) (Dáilcheantair) 2012 ar an 5 Deireadh Fómhair 2012. Molann an Bille go dtabharfaí éifeacht reachtúil do mholtaí Thuarascáil an Choimisiúin Dáilcheantar 2012. Déanann an Bille foráil chomh maith do laghdú go 158 líon iomlán na mball i nDáil Éireann (ag 166 ball/TD faoi láthair), d'athbhreithniú a dhéanamh ar Dháilcheantair agus don líon ball a thogfar do dháilcheantair dá leithéid.

Rinneadh roinnt Ionstraimí agus Orduithe Reachtúla sa bhliain 2012 chun éascú d'fhorbairt an chreata reachtaíochta agus chun toghcháin agus reifrinn a réachtáil. Tá siad seo liostaithe in Aguisín 1.

Chuir Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Tionscnamh Saoránach) 2012 (I.R. Uimh. 7 79/2012), a tháinig i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2012, socruithe ar fáil a bheidh i bhfeidhm in Éirinn chun éifeacht a thabhairt do Thionscnamh Saoránach an Aontais Eorpaigh.

Chuir an Rannóg Toghchórais den Roinn na seirbhísí tacaíochta cuí ar fáil don Choimisiún Dáilcheantair, bunaithe ar an 27 Iúil 2011, chun a chur ar a chumas a thuarascáil a chur faoi bhráid Chathaoirleach na Dála ar an 21 Meitheamh 2012 a bhí laistigh de 3 mhí ó fhoilsiú na dtorthaí deiridh don Daonáireamh 2011, faoi mar a éilíodh.

Bhí an Roinn freagrach as a chinntiú go raibh an creat reachtaíochta cuí agus socruithe oibríochta eile i bhfeidhm don 2 reifreann a réachtáladh sa bhliain 2012 a raibh mar aidhm acu tograí maidir leis an mBunreacht a leasú faoi mar atá cuimsithe i mBille an Tríú Leasú Déag den Bhunreacht (Conradh Cobhsaíochta, Comhordaithe agus Rialachais san Aontas Geilleagair agus Airgeadaíochta) 2012. Chuir an Roinn an tacaíocht chúí ar fáil chomh maith do Cheann Comhairimh an Reifrinn sa dá chás.

Bunaíodh Coiste Teorann Dáilcheantair Áitiúil chun athbhreithniú a dhéanamh agus moltaí a thabhairt maidir le teorainneacha i ndáilcheantair áitiúla i gcomhthéacs thorthaí Dhaonáirimh 2011 agus an Chláir Gnímh um Rialú Áitiúil Éifeachtach. Tuairisceoidh an Coiste maidir le deighilt cheantar comhairle, seachas Cathair Chorcaí, ina ndáilcheantair áitiúla agus cuirfidh moltaí ar fáil maidir le líon na mball ar gach comhairle atá le sannadh ag gach dáilcheantar. Tá an Tuarascáil le bheith curtha faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar dháta nach déanaí ná an 31 Bealtaine 2013.

Caibidil 5

Forbairt Pobail agus Tuaithe

Cuspóir Ardleibhéil

Forbairt chomhtháite a éascú ag leibhéal áitiúil, agus pobail bheoga, inbhuanaithe, chuimsitheacha a chothú; chun tacú leis an Earnáil Phobail agus Dheonach ina gcuid iarrachtaí sochaí ghníomhach, dhaonlathach, iolraíoch a bhaint amach.

Ailíniú Forbartha agus Rialtais Áitiúil

Foilsíodh an Tuarascáil Deiridh den Ghrúpa Stiúrtha Ailínithe chomh maith le tograí athchóirithe agus forbartha do Rialtais Áitiúil ar an 16 Deireadh Fómhair 2012. Rinne an Grúpa Stiúrtha roinnt moltaí a bhí dírithe ar fheabhas a chur ar sholáthar seirbhísí don saoránach go háitiúil, le cur chuige níos comhleanúnaí á thabhairt isteach i bpleanáil agus soláthar seirbhísí ag leibhéal áitiúla agus náisiúnta araon, agus seirbhísí níos éifeachtaí agus costéifeachtaí a sholáthar trí struchtúir soláthair sruthlíneacha agus trí feabhas a chur ar an mbealach a dhírítear ar acmhainní.

Tá ailíniú forbartha agus rialtais áitiúil ina phríomhghné den athchóiriú sna rialtais áitiúla i gcoitinne. Feicfear rannpháirtíocht níos mó ó rialtais áitiúla i bpleanáil agus maoirseacht ar fhorbairt áitiúil agus pobail ag leibhéal áitiúil, rud a chuirfidh le fíis fhoriomlán an rialtais áitiúil bheith mar an príomhuirlis rialachais agus seirbhíse poiblí ag an leibhéal áitiúil agus atá freagrach go príomha as forbairt geilleagair, shóisialta agus pobail.

An Clár Forbartha Tuaithe (Aiseanna 3 agus 4)

Príomhchuspóirí Aiseanna 3 & 4 (CEANNASAÍ) den Chlár Forbartha Tuaithe (CFT) ná feabhas a chur ar cháilíocht an tsaoil i gceantair tuaithe agus éascú a dhéanamh ar éagsúlú i ngeilleagar na tuaithe. Sa bhliain 2012, rinne an clár taifeadadh ar chaiteachas de bhreis is €53m, rud a thugann a chaiteachas iomlán go €165m. Cuireadh maoiniú ar fáil do raon leathan tionscadal uathúil agus spéisiúil ar fud cheantar tuaithe na hÉireann, idir smaointe le haghaidh fiontair nuálacha is bhonneagar pobail nua-aimseartha. Leanadh den infheistíocht i dtionscadail bheaga bhonneagair i mbailte agus bruachbhailte beaga sa bhliain 2012, le 1,056 sráidbhaile agus pobal ag baint leasa as oibreacha leasúcháin caipitil. Tugadh tacaíocht do 662 gníomh nua turasóireachta, amhail bealaí siúlóide tuaithe agus féilte beaga. Tháinig méadú mór chomh maith ar líon na dtionscadal mór ar bronnadh cúnamh deontais orthu a chuaigh os cionn €150,000.

Sa bhliain 2012, chuir an maoiniú seo tacaíocht áitiúil ar fáil ag am ina raibh cúinsí deacra eacnamaíocha agus bhí mar aidhm aige pobail tuaithe bheoga a chothú a d'fhéadfadh bheith mar bhunchloch don fhás geilleagrach amach anseo. Sa chomhthéacs seo, tá an tacaíocht a thugtar do mhicreathionscadail fós ina thosaíocht mhór ag an gClár agus d'éascaigh athrú sa chlár sa bhliain

2012 méadú sa ráta infhaighte cúnaimh do fhiontraithe ó 50% go 75%. Cuireadh maoiniú tacaíochta ar fáil do 1,347 fiontar faoi roinnt beart CFT, rud a chruthaigh 568 post lánaimseartha.

Thug an Roinn tacaíocht don Aire agus don Aire Talmhaíochta, Bia agus Muirí i mbunú Choimisiúin um Fhorbairt Gheilleagrach i gCeantair Tuaithe (CFGCT) i mí Mheán Fómhair 2012 i gcomhar le Teagasc agus Coimisiún Forbartha an Iarthair (CFI). D'eagraigh CFGCT, ar a bhfuil Pat Spillane mar chathaoirleach, a gcéad chruinniú i mí na Samhna 2012 agus réachtálfaidh siad próiseas suntasach comhairliúcháin phoiblí go luath sa bhliain 2013 maidir le féidearthacht geilleagair todhchaí i gceantair tuaithe in Éirinn agus conas maoiniú agus acmhainní a dhíriú ar an mbealach is fearr idir 2014 agus 2025. Déanfar anailís ar an eolas a bhaileofar ón gcleachtadh seo agus cuirfear faoi bhráid an dá Aire é i dtuarascáil deiridh i R4 2013 chun forbairt thodhchaí an bheartais gheilleagair a stiúradh do cheantair tuaithe. Tá sonraí maidir le cruinnithe CFGCT ar fáil ar a shuíomh gréasáin - www.ruralireland.ie.

Áineas Faoin Tuath

Lean an Roinn air ag déanamh maoirseachta ar chur i bhfeidhm na Straitéise Áineasa Náisiúnta do Cheantair Tuaithe trína cuid oibre le Comhairle na Tuaithe.

Thóg an Roinn príomhshealbhóirí talún Stáit le chéile agus dhaingnigh siad comhaontú maidir le forbairt Phlean Áineasa Allamuigh Náisiúnta do Thailte agus Uiscí Poiblí. Tá an dréacht-chomhaontú gar do bheith curtha i gcrích. Leanadh leis an obair leis an nGíomhaireacht um Éilimh ar an Stát i rith 2012 chun Scéim Slánaíochta Náisiúnta a chur i bhfeidhm do shealbhóirí talún príobháideacha a chuireann a gcuid talún ar fáil chun ar mhaithe le caitheamh aimsire a chur ar fáil. Tá formáid na scéime atá molta comhaontaithe i bprionsabal.

Lean an Roinn ag cur i bhfeidhm Scéimeanna Siúlóide ar 40 bealach siúlóide ina raibh 1,811 sealbhóir talún páirteach. Cuireadh Comhaontuithe Seirbhíse Nua i bhfeidhm le 12 Chuideachta Forbartha Áitiúil (CFÁ) do sholáthar raon leathnaithe seirbhísí áineasa tuaithe lena n-áirítear cur i bhfeidhm chuspóirí ábhartha na Straitéise Áineasa Náisiúnta do Cheantair Tuaithe.

Coimisiún Forbartha an Iarthair (CFI)

Is comhlacht reachtúil é an CFI a bunaíodh chun forbairt shóisialta agus eacnamaíoch i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn. Tá sé freagrach as oibriú Chiste Infheistíochta an Iarthair (CII), a chuidíonn le forbairt an réigiúin trí infheistiú le gnáthscaireanna nó iasachtaí i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM) agus i bhfiontair phobail chun tacú le forbairt gnó agus le fostaíocht. Sa bhliain 2012, chuir an CFI cistí infheistíochta ar fáil dar luach €1.4m do 13 fhiontar sa réigiún, rud a thóg infheistíocht iomlán faoin CFI suas go beagnach €39.5m. Go dtí seo, tugadh €11.4m de seo ar ais chuig an CFI ó infheistíochtaí a tharla cheana agus infheistíodh €7.5m de sin ar ais isteach i

bhfiontair eile sa réigiún. Táthar ag súil i CFI go ndéanfaidh siad €2.5m breise a ath-infheistiú le linn 2013. Tá líon iomlán na ndaoine atá fostaithe faoi láthair sna fiontair atá tacaíthe ag CFI ag beagnach 1,600 (figiúirí 2011).

“CLÁR”

Sa bhliain 2012, d’infheistigh an clár “CLÁR” €0.091m, a thug tacaíocht do 27 tionscadal Caipitil Spóirt, 11 thionscadal Gaeltachta & Pobail agus 1 Scéim Leictriúcháin Feirme. Tá an Clár seo ag teacht chun críche faoi láthair.

An Ciste Forbartha Tuaithe (CFT)

Chuir an CFT €0.1m ar fáil sa bhliain 2012 d’fhostú comhordaitheoirí do 2 thionscadal – Tionscadal Athnuachana Chluain Eois agus Tionscnamh Sóisialta an CLG. Is é atá i gceist leo seo ná clár oibre forbartha pobail agus roinnt gníomhaíochtaí píolótacha chun cuidiú le lucht cónaithe áiteanna iargúlta, ar fir singil siad atá ina gcónaí faoin tuath, bheith páirteach ina bpobail arís.

Clár Forbartha Áitiúla agus Pobail (CFÁP)

Lean an CFÁP de bheith ag cur maoinithe ar fáil do Chuideachtaí Forbartha Áitiúla (CFÁ) agus do roinnt comhlachtaí forbartha áitiúla eile chun an CFÁP as sholáthar sa bhliain 2012.

Tá sé mar aidhm ag an CFÁP aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus ar eisiamh sóisialta trí chomhpháirtíocht agus obair chruthaitheach a dhéanamh leis an Rialtas agus a gcuid gníomhaireachtaí agus daoine i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste. Sa bhliain 2012, infheistíodh thart ar €53.7m (€62.4m sa bhliain 2011) sa chlár.

Le linn 2012:

- tugadh cúnamh do 46,261 duine tríd an CFÁP;
- chuaigh 15,231 duine isteach in oiliúint do mhargadh an tsaothair mar thoradh ar idirghabháil ón CFÁP; agus
- chuaigh 7,054 duine isteach i bhfostaíocht nó féinfhostaíocht mar thoradh ar idirghabháil ón CFÁP.

Aonaid um Chuimsiú Sóisialta

Rinne an Roinn íocaíochtaí de €627,398 le húdarais áitiúla i soláthar na Roinne de 50% cúnamh airgeadais dá nAonaid um Chuimsiú Sóisialta.

Tacaíochtaí Pobail agus Deonacha

Daonchairdeas agus Tiomsú Airgid

Cuireadh Tuarascáil an Fhóraitim um Daonchairdeas agus Tiomsú Airgid faoi bhráid an Rialtais i mí Márta agus seoladh é i mí Iúil 2012. Molann an Tuarascáil eárnálacha an daonchairdis agus an tiomsaithe airgid a fhás ó €500m go €800m in aghaidh na bliana faoi 2016, rud a chruthódh méadú fostaíochta i bpobail áitiúla trí chaipiteal sóisialta a thógáil, rud a thabharfadh tacaíocht

d'aidhmeanna an rialtais maidir le cruthú post, athchóiriú náisiúnta agus athnuachan náisiúnta. Dar leis an bhFóram, tá deis ann leibhéal na hinfheistíochta san earnáil príobháideach a mhéadú go suntasach trí thimpeallacht mhaith a chruthú do dhaonchairdeas aonair agus corparáideach in Éirinn, agus acmhainneacht tiomsaithe airgid a fhorbairt. Bhainfeadh seo an glas de mhaoiniú suntasach agus chabhródh sé le comhpháirtíochtaí nua agus nuálacha poiblí/príobháideacha aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta agus eacnamaíocha agus, de bhreis air sin, chabhródh sé maoiniú a thabhairt do thionscnaimh ealaíne agus chultúrtha. B'ionann caiteachas na Roinne faoin bhfotheideal seo do 2012 agus €0.77 milliún, agus chuir earnáil an daonchairdis an méid ceana ar fáil chomh maith.

Scéim chun tacaíocht a thabhairt d'Eagraíochtaí Náisiúnta & Pobail

Íocadh maoiniú de €3.7m amach le 64 eagraíocht Phobail agus Dheonach mar pháirt dá ranníocaíochtaí maidir lena gcroí-chostais agus lena bhforchostais.

Obair Dheonach

Íocadh €3m amach faoin gClár Oibre Deonaí. Chuir an maoiniú seo croí-chostais ar fáil do 21 ionad deonach ar fud ar na tíre agus d'Oibrithe Deonacha na hÉireann.

Comhpháirtíocht Shóisialta

Faoin Scéim um maoiniú Comhpháirtíochta Sóisialta don Chrann Taca Pobail agus Deonach, cuireadh €0.60m ar fáil do 17 n-eagraíocht Comhpháirtíochta Sóisialta chun costais a chlúdach a bhí bainteach go díreach lena bhfuil déanta acu i gcruthú beartas sa phróiseas comhpháirtíochta sóisialta.

Bailte Slachtmhara

Ba é 2012 an 54ú bliain den chomórtas Náisiúnta Bailte Slachtmhara a fuair 850 iarratas an uair dheireanach, an méid is mó riamh. Mainistir Shruthla, Co. Longfort an Buaiteoir Dámhachtana a bhí ann. Iontrálaithe na hÉireann don chomórtas cáiliúil idirnáisiúnta Entente Florale ná Mainistir Shruthla agus Cluain Meala, Co Thiobraid Árann, a bhuaigh boinn óir agus airgid, faoi seach.

Bhuaigh Cill Airne, Contae Ciarraí, an Dúshlán Idirnáisiúnta sa chatagóir "daonra mór" den Eagrán Náisiúnta 2012 de Phobail Faoi Bhláth, agus ghnóthaigh siad ráta Bláth 5 uaidh.

Scéim Rabhaidh do Dhaoine Scothaosta

Tugann deontas na scéime cúnamh do ghrúpaí pobail chun aláraim mhonatóirithe phearsanta a chur ar fáil do dhaoine os cionn 65 bliain d'aois chun iad a choimeád sábháilte ina dtithe féin. Sa bhliain 2012 cuireadh os cionn €2.5m ar fáil do 498 grúpa pobail agus deonach a sholáthair trealamh slándála do bhreis is 9,142 duine scothaosta.

Clár Thuaidh/Theas cómhaoinithe ag an AE

Lean an Roinn ag tabhairt tacaíochta do líon clár cómhaoinithe ag an AE faoin mbabhta cláraithe 2007-2013. Cuimsíodh soláthar deontas anseo do thionscadail sa réigiún trasteorann ar luach €15.85m faoi *PEACE III* (Clár don tSíocháin agus don Athmhuintearas) agus €2.41m faoi *INTERREG IVA* (Clár Comhoibríthe Réigiúnach Trasteorann do Thuaisceart na hÉireann, Réigiún Teorann na hÉireann agus Iarthar na hAlban).

Seirbhísí Pobail Rialtais Áitiúil

Cuimsíonn obair sa réimse Seirbhísí Pobail Rialtais Áitiúil Sábháilteacht Uisce in Éirinn, an Scéim Áiseanna Sóisialta agus Pobail, mórcheisteanna Smachta Mhadraí, Rialacháin maidir le Reiligí agus Teastasú Sábháilteachta do Threalamh Aonaigh.

Tháinig na rialacháin atá san Acht um Ionaid Phórúcháin Mhadraí 2010 i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2012. Clúdaíonn na rialacháin seo feidhmiú agus bainistiú ionad ina bhfuil 6 mhadra bhaineanna nó níos mó, 6 mhí d'aois nó níos sine agus atá in ann bheith ag pórú. Rinneadh obair athbhreithnithe ar fheidhmiú an Achta ag deireadh 2012, faoi mar a éilíodh in Acht 2010, agus cuirfear i gcrích agus foilseofar an obair sin sa chéad leath de 2013.

Caibidil 6

Pleanáil

Cuspóir Ardleibhéil

Creat beartais agus reachtaíochta a sholáthar chun fás eacnamaíochta agus forbairt chomhardaithe réigiúnach a chur ar fáil, de réir cód láidir pleanála.

Beartais agus Reachtaíocht a Phleanáil

Cuireadh bonn agus taca breise le soláthar leantach beartais phleanála, atá stiúrtha ag plean, trí chur i bhfeidhm na bhforálacha san Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2010, a leasaíodh, trí seo a leanas a dhéanamh:

- o cur i bhfeidhm a dhéanamh ar na forálacha atá bainteach leis an bpróiseas pleanála chun cinn, a chuimsíonn glacadh le straitéisí bunaithe ar fhianaise i bpleananna forbartha chun comhsheasmhacht níos fearr a sholáthar idir pleananna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Cuireann na forálacha béim ar leith ar a chinntiú go mbeidh pleananna limistéir áitiúil ar aon dul le cuspóirí agus croí-straitéisí an phlean forbartha chun tacaíocht a thabhairt do chur chuige atá stiúrtha ag plean chun torthaí pleanála inbhuanaithe a fhorbairt agus a bhaint amach trí sholáthar comhordaithe bonneagair cumasúcháin;
- o Páirtíocht leantach le húdaráis Réigiúnacha agus Áitiúla, lena n-áirítear obair tríd an gCoiste Stiúrtha Náisiúnta um Threoirínte Pleanála Réigiúnacha maidir le cur i bhfeidhm na dTreoirínte Pleanála Réigiúnacha 2010-2022;
- o Páirtíocht leantach maidir le himeachtaí pleanála le Coiste Pleanála, Úsáide Talún agus Iompair an Chumainn Bainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC); agus
- o Dhá Threoir ón Aire eisithe faoi Alt 31 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), a chuir de cheangal ar údarás pleanála bearta ar leith a ghlacadh nuair atá an t-údarás pleanála tar éis neamhaird a thabhairt, nó gan an aird cheart a thabhairt, ar bhreithnithe reachtúla an Aire (rinneadh 124 breithniú dá leithéid le linn 2012).

Treoirínte Pleanála

Tharla mórghníomh i réimse na pleanála chun cinn i bhfoilsíú na dTreoirínte um Pleanáil Miondíola. Dearadh na Treoirínte seo chun a chinntiú go mbeidh ról suntasach ag an gcóras pleanála in iomaíochas a chinntiú san earnáil mhiondíola, ag cur roghanna chun cinn ar fáil don tomhaltóir chomh maith le bheith ag cur le hardchaighdeán sa dearadh uirbeach agus úsáid níos mó as iompar inbhuanaithe a spreagadh.

Chuir na Treoirlínte san áireamh chomh maith na moltaí a bhí i Staidéar Athbhreithnithe Forfás de Thionchar Eacnamaíoch na Caidhpe Miondíola (Aibreán 2011), ullmhaithe ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, agus an Roinn seo. Rinneadh an Staidéar seo mar pháirt de théarmaí an chlár AE-CAI do Chúnamh Airgeadais d'Éirinn. In éineacht leis na treoirlínte reachtúla a tugadh chun críche tá Lámhleabhar neamh-reachtúil Deartha Miondíola a bhfuil mar aidhm aige tacaíocht a thabhairt d'údaráis phleanála agus iarratasóirí ionchais maidir le mórcheisteanna deartha agus measúnaithe ar bheogacht agus inmharthanacht ionad cathrach agus baile.

Foilsíodh na Treoirlínte um Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta chomh maith, atá dírithe ar a chinntiú go ndéanfaidh údaráis áitiúla, ina ról pleanála agus iompair, obair go réamhghníomhach leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta chun go gcuirfí dálaí forbartha maidir le hiompar agus úsáid talún san áireamh ag na céimeanna luatha de phróisis an phlean forbartha agus bainistíochta forbartha araon. Tarlaíonn seo chun go bhféadfaí forbairtí a dhéanamh amach anseo ar áiteanna atá i ngiorracht bóithre náisiúnta ar shlí a bheadh stiúrtha chuig an suíomh is oiriúnaí agus forbairt ar líonra na mbóithre náisiúnta bheith pleanáilte agus bainistithe ar bhealach comhlántach agus comhtháite.

Leanadh leis an obair sa chúlra ar ullmhú roinnt treoirlínte pleanála agus lámhleabhar gaolmhar eile d'fhonn iad a fhoilsiú amach anseo, lena n-áirítear na Straitéisí Spásúlachta ar Oileán na hÉireann; Creat Comhoibrithe; na Dréacht-Threoirlínte do Phlean an Cheantair Áitiúil agus an Lámhleabhar neamh-reachtúil Dea-Chleachtais a ghabh leis agus a foilsíodh do chomhairliúchán poiblí.

Foilsíodh na Treoirlínte Ranníocaíochtaí Forbartha d'Údaráis Áitiúla do chomhairliúchán poiblí i mí Iúil 2012. Fuarthas os cionn 50 aighneacht mar fhreagra ar an bpróiseas comhairliúcháin. Cuireadh na haighneachtaí san áireamh i dtabhairt na treoirlínte chun críche.

Príomhaidhm na dtreoirlínte nua ná treoir neamhreachtúil a chur ar fáil maidir le scéimeanna ranníocaíochtaí forbartha a leagan amach chun suntas na n-athruithe eacnamaíocha a léiriú atá tar éis tionchar a bheith acu ar gach earnáil ó eisíodh treoir an uair dheireanach sa bhliain 2007. Cé gur feidhm fhorchoimeáda de bhaill thofa gach údarás pleanála é glacadh le scéimeanna ranníocaíochtaí forbartha, ceann de na haidhmeanna ba chóir a bheith ag an treoir nua ná leibhéal comhsheasmhachta níos fearr a bhaint amach i scéimeanna ranníocaíochtaí forbartha ar bhonn náisiúnta, rud a chuirfidh soiléire leasaithe ar fáil chun cinntí infheistíochta a stiúradh thar réimsí éagsúla údaráis áitiúil.

Tá de cheangal ar údaráis phleanála agus An Bord Pleanála aird a thabhairt ar na treoirlínte seo ó thaobh fheidhmiú a bhfeidhmeanna de faoi na hAchtanna Pleanála.

Treoirlínte um Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT)

Chuaigh dréachtú na dTreoirlínte seo chun cinn le linn 2012 agus foilsíodh iad i mí Márta 2013. Cuireann na Treoirlínte seo treoir phraiticiúil ar fáil d'údaráis phleanála agus don Bhord Pleanála maidir le mórcheisteanna gnáis agus an próiseas MTT a eascraíonn as an riachtanas measúnacht tionchair timpeallachta a reáchtáil i gcásanna ábhartha. Ceaptar go n-eascróidh comhsheasmhacht níos fearr sna gnáis a nglacann údaráis inniúla leo as na Treoirlínte. Ba chóir go dtabharfadh na Treoirlínte tacaíocht d'fhorbróirí MTT, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENR) agus rannpháirtithe eile sa phróiseas pleanála.

Saineolaí Pleanála

I mí Mheán Fómhair 2012, d'ainmnigh an tAire O'Sullivan an tUasal Hendrik van der Kamp mar shaineolaí pleanála neamhspleách chun measúnú a dhéanamh ar an Tuarascáil Athbhreithnithe Phleanála (foilsithe i mí an Mheithimh 2012) a rinne measúnú ar chur i bhfeidhm reachtaíochta, beartas agus teorach pleanála laistigh den phlean forbartha agus de na córais bainistíochta pleanála ag an leibhéal áitiúil, ag stiúradh na forbartha beartas breise sa réimse seo. Cuspóir an Uasail van der Kamp ná athbhreithniú a dhéanamh ar na moltaí atá san Athbhreithniú Pleanála, measúnú a dhéanamh ar a n-oiriúnacht agus gníomhaíochtaí eile a mholadh ar cheap sé iad a bheith riachtanach de bharr a raibh san Athbhreithniú Pleanála.

Foilsíodh tuarascáil deiridh an Uasail van der Kamp go luath sa bhliain 2013. Tugann sé tacaíocht don oiriúnacht agus éifeachtacht a bhain le 9 gcinn de na 12 mholadh a d'eascair as an athbhreithniú pleanála. Tá iniúchadh á dhéanamh ar a mholtaí breise d'fhonn iad a chur i bhfeidhm.

Ceantar Dugaí Bhaile Átha Cliath

Roghnaigh an Rialtas na limistéir Lotaí Thuaidh agus Duga na Canálach Móire de Dhugthailte Bhaile Átha Cliath ina gCriosanna Straitéiseacha Forbartha (CSFanna). Roghnaíodh Dugaí Bhaile Átha Cliath ina CSF, áit a bhfuil an bhéim agus brú is mó chun athfhorbartha ann sa ghearthéarma agus sa mheántéarma, ionas go mbeadh infhaighteacht leantach pleanála gasta ann chun mealltacht Cheantar Dugaí Bhaile Átha Cliath a choinneáil mar shuíomh maith infheistithe a chaomhnú.

Myplan.ie

Tá teacht ag an bpobal anois ar charn eolais agus sonraí maidir le pleanáil spásúlachta tríd an tionscnamh nua ar seoladh i mí Aibreáin – www.myplan.ie. Cuireann an suíomh gréasáin córas monatóireachta foriomlán ar fáil do na 400+ plean forbartha reachtúil ag údaráis áitiúla agus pleananna ceantair áitiúil ar fud na tíre.

Caibidil 7

Met Éireann

Cuspóir Ardleibhéil

Aimsir agus aeráid na hÉireann a mhonatóiriú, a anailísiú agus a thuar chun raon seirbhísí meitéareolaíoch ardaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí bunaithe ar úsáid éifeachtach saineolais eolaíochta agus theicniúil.

An Rannóg Réamhaisnéise

Lean an Rannóg Réamhaisnéise ar aghaidh lena príomhthasc de bheith ag soláthar raon leathan seirbhísí réamhaisnéise agus rabhaidh trína hoifigí i nGlas Naoin, Baile Átha Cliath; Aerfort na Sionainne, Co an Chláir agus RTÉ, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath.

I rith na bliana, bhí Rabhaidh Ghála (rabhaidh de ghaotha i gCeantair Mhara ag Fórsa Beaufort 8 nó níos láidre) i bhfeidhm ar uiscí cósta agus/nó ar Mhuir na hÉireann ar líon iomlán de 134 lá, agus bhí Rabhaidh Bhád (rabhaidh de ghaotha ag Fórsa Beaufort 6 nó níos mó) d'uisce suas go 10 muirmhíle isteach san fharraige i bhfeidhm ar iomlán de 309 lá.

Níor eisíodh ach Rabhadh Dian-Aimsire amháin sa bhliain 2012. Eisíodh rabhaidh shonracha de

dhálaí aimsire ar leith faoi mar atá léirithe sa tábla thuas. Lean an Rannóg de bheith ag soláthar oibre Met Éireann ar an gcóras MeteoAlarm gréasán-bhunaithe, ar fud na hEorpa, a chuireann rabhaidh ar fáil do choinníollacha aimsire sonracha in Éirinn agus timpeall na hÉireann.

Rabhaidh Shonracha	Líon na laethanta i bhfeidhm
Teocht Ard	2
Sioc/Teocht Íseal	58
Báisteach	33
Sneachta	3
Toirneach	84
Gaoth	53
Cúinsí Aicíde Duibhe	37 (uimhir eisithe)

Cuireann an Rannóg réamhaisnéis laethúil ar fáil, ag breathnú cúig lá chun tosaigh, do cheithre shuíomh in Éirinn, don Chóras Eolais um Aimsir an Domhain (comhordaithe ag an Eagraíocht Mheitéareolaíoch Dhomhanda). Soláthraíonn an tairseach faisnéise aimsire gréasán-bhunaithe seo rochtain éasca ar réamhaisnéis agus rabhaidh oifigiúla agus chríochnaitheacha a bailíodh ó Sheirbhísí Meitéareolaíoch ar fud an domhain.

I rith na bliana, d'fhreastail an Rannóg ar chruinnithe de chuid Thascfhórsa an Rialtas um Pleanáil Éigeandála (seoladh Winter-Ready i mí na Nollag a bhí mar thoradh air), Grúpa Oibre Idir-Rannóige, Grúpa Oibre Sábháilteachta Muirí, An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (IÉCR) agus Grúpa Cáilíochta

Aeir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), agus bhuaíl siad le roinnt mhaith custaiméirí maidir le táirgí agus seirbhísí Met Éireann.

Soláthraíodh seirbhísí aimsire saincheaptha do raon custaiméirí lena n-áirítear an bonneagar fuinnimh, earnáil na tógála, údaráis áitiúla agus roinnt gnólachtaí agus lucht leasa tráchtála chomh maith. Le linn shéasúr an gheimhridh ina raibh oighear ar na bóithre, cuireadh thart ar 12,000 réamhaisnéis maidir le breis is 70 suíomh ar fáil d'údaráis áitiúla ar fud na tíre agus do líon conraitheoirí príobháideacha cothabhála bóithre

Bhí rath arís i mbliana ar *Weatherdial*, seirbhís ghutháin ardráta Met Éireann agus ar ár Seirbhís Comhairliúcháin Gutháin, le rath ar leith ar *WeatherDial* i rith mhíonna an tsamhraidh. Bhí líon iomlán na nglanna isteach go *WeatherDial* i rith na bliana níos mó ná 450,000. Méadaíodh an raon faisnéise aimsire curtha ar fáil trí na meáin Gréasáin agus leictreonacha, go háirithe trí sholáthar tairisí gréasáin nua d'fhóin chliste Android agus táibléid. Tháinig córas craobhscaoilte rabhaidh leasaithe i bhfeidhm i dtreo dheireadh na bliana.

I gcomhar le RTÉ, chuir roinnt meitéareolaithe Rannóige réamhaisnéis aimsire i láthair ó Thaispeántas Eolaí Óg BT san RDS i mBaile Átha Cliath i mí Eanáir, ó Fhéile Rós Thrá Lí i mí Lúnasa, agus ón gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i gCeatharlach i mí Mheán Fómhair. Imeacht suntasach eile ab ea taispeántas cláir faisnéise “Weather Permitting”, ina raibh an-chuid de lucht foirne Réamhaisnéise na Rannóige, de chuid RTÉ ar an 22 Iúil agus ar an 30 Nollaig.

Seirbhísí Eitlíochta

Tá Rannóg na Seirbhísí Eitlíochta freagrach as seirbhísí meitéareolaíochta a sholáthar do lucht eitlíochta míleata agus sibhialta in Éirinn agus laistigh d'aerspás na hÉireann. Cothaíodh seirbhísí gnáth-sheirbhísí eitlíochta sibhialta, míleata agus ginearálta ag caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta le linn 2012. Bhí seo i bhfeidhm chomh maith ar gach réamhaisnéis neamhchoitianta eitlíochta ar nós leasaithe réamhaisnéise, teachtaireachtaí SIGMET (rabhaidh d'fheiniméin aimsire a d'fhéadfadh bheith contúirteach i Réigiún Faisnéise Eitilte na Sionainne) agus rabhaidh aeradróim sneachta, seaca, gaotha láidre, stoirmeacha toirní agus luathreamhán bolcánach.

Tá na staitisticí seo a leanas ábhartha:

An tSeirbhís Meitéareolaíochta	Líon
Réamhaisnéis i dtaca le hoibríochtaí Cuardaithe-is-Tarrthála	226
Réamhaisnéis i dtaca le hoibríochtaí i gceantair chríochfoirt (sibhialta)	7,380
Réamhaisnéis i dtaca le hoibríochtaí i gceantair chríochfoirt (míleata)	3,112
Réamhaisnéis i dtaca le haerfoirt réigiúnacha	7,380

Réamhaisnéis do cheantair gheografacha	2,812
Rabhaidh i dtaca le hoibríochtaí ar bord	326
Rabhaidh i dtaca le hoibríochtaí i gceantar an chríochfoirt	686
Tuairiscí aimsire i dtaca le pleanáil eitilte	62,780
Tuairiscí aimsire i dtaca le hoibríochtaí i gceantar an chríochfoirt	75,117

Leanadh le cuíchóiriú seirbhísí agus feabhsuithe i seirbhísí do chustaiméirí le linn 2012:

- Uasghrádaíodh gach réamhaisnéis eisithe d'aerfoirt réigiúnacha go réamhaisnéis críochfoirt aeradróim, rud a chinntigh gur dáileadh iad ar na córais dáilte idirnáisiúnta do shonraí eitlíochta;
- Tharla leasú suntasach i socruithe teagmhais do thuairiscí aimsire in Aerfort Átha Cliath;
- Chuir an Rannóg iniúchóireachtaí rathúla i gcrích chomh maith ar sheirbhísí ardchaighdeáin ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta in Éirinn (ISO 9001:2008 sa chóras bainistíochta cáilíochta) agus ar chomhlíonadh na gcaighdeán Eorpach agus domhanda ón United Kingdom Civil Aviation Authority agus ón Údarás Maoirseachta Náisiúnta;
- Cuireadh socruithe i bhfeidhm chun tacú leis an oibríocht nua MedEvac ag an Aerchór i mBaile Átha Luain;
- Rinneadh pleanáil agus breithmheas tosaigh don tionscadal mór le córais breathnóireachta eitlíochta Met Éireann a dhéanamh nua-aimseartha; agus
- Coinníodh córais chomhairliúcháin téagartha agus éifeachtacha,

Ní mór iarrachtaí fhoireann na Rannóige le heagraíochtaí idirnáisiúnta a aithint chomh maith sa mhéid go raibh siad lárnach i gcinntiú gur léiríodh suíomh an Stáit i ndáil le caighdeáin agus rialacháin idirnáisiúnta a fhorbairt faoina bhfuil eitlíocht shibhialta á rialú.

Clíomeolaíocht & Breithnithe

Le linn 2012, tháinig thart ar 3,200 glao isteach chuig an Oifig Fiosrúcháin Aeráide agus 2,350 iarratas trí r-phost/facs/litir ag lorg faisnéise nó tuairiscí. Cuireadh thart ar 475 saintuairisc mheitéareolaíoch ar fáil do chásanna dlí/árachais, agus d'fhreastail saineolaithe ar chuartheanna mar fhinnéithe, faoi mar a éilítear.

Cruthaíodh an “Achoimre Mhíosúil Aimsire” ar an gcéad lá oibre i ndiaidh dheireadh gach míosa, a chuir réamh-mheasúnú ar fáil den aimsir sa mhí sin, le faisnéis bhreise shéasúrach agus bhliantúil ag deireadh an tséasúir/na bliana.

Cuireann an “Feasachán Aimsire Míosúil”, foilsithe cúpla mí níos déanaí, cur síos níos suntasaí ar fáil de na cúinsí aimsire le trácht ar imeachtaí suntasacha, in Éirinn agus ar fud an domhain. Cruthaíodh an “tAtlas Aeráide 2011”, ina raibh cur síos ar aimsir na bliana ón taobh geografach de, den chuid is mó, chomh maith. Rinneadh na 3 fhoilseachán seo a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin Met Éireann, www.met.ie.

Lean an Rannóg de bheith ag cothú agus ag bailiú sonraí ó bhreis is 450 stáisiún clíomeolaíochta agus báistí, le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí comhoibritheach agus daoine príobháideacha aonair. Rinneadh rialúchán cáilíochta ar na sonraí seo, chomh maith le sonraí ó stáisiúin Met Éireann, agus cuireadh ar fáil ar an mbunachar sonraí clíomeolaíochta iad.

Meáin Fhadtéarmacha Aeráide

I mí Bealtaine, d'fhoilsigh an Rannóg na meáin fhadtéarmacha aeráide (MFA) 1981-2010 d'Éirinn don bháisteach, teocht agus taitneamh na gréine. Tá siad seo mar bhonnline le húsáid i gcomparáidí aimsire agus aeráide. Cruthaíodh iad do shuíomhanna stáisiúin agus ar ghreille 1km faoi 1km ag clúdach oileán iomlán na hÉireann a bhuíochas le comhoibriú leis an United Kingdom Meteorological Office. Cuireadh na sonraí ar fáil saor in aisce via www.met.ie. Fuair an seoladh ar na meáin chumarsáide tuairisciú forleathan sna meáin chlóite agus ar RTÉ agus TV3 ina gcuid nuachta.

Taighde agus Athrú Aeráide

Lean an córas uimhriúil tuair aimsire HIRLAM de bheith ag soláthar réamhaisnéisí iontaoifa, ardchaighdeáin i rith na bliana; rinneadh roinnt athruithe chun an córas a fheabhsú agus le hullmhú d'uasghrádú suntasach sa bhliain 2013. Leanadh leis an taighde sa Tuar Aimsire Uimhriúil chomh maith, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta i gCuibhreannas HIRLAM.

Mar pháirtí sa Chuibhreannas EC-Earth, agus mar thacaíocht don Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012, chruthaíomar réamh-mheastacháin dhomhanda d'aeráid ionchais (suas go 2100) agus d'ullmhaíomar tacair sonraí do laghdú méide ar fud na hÉireann agus na hEorpa; cuireadh na tacair sonraí domhanda ar fáil tríd an Tionscadal Idir-chomparáideach Samhaltaithe Cúpláilte (CMIP5) faoina ndéanfaí machnamh sa Chúigiú Tuarascáil Mheasúnaithe (AR5) de thuarascáil an Phainéil Idir-Rialtais um Athrú Aeráide (PIRAA) atá le bheith eisithe sa bhliain 2013. Tá na tacair sonraí in úsáid chomh maith i dtionscadail idirnáisiúnta ar nós an Turgnaimh Laghdaithe Méide Comhordaithe um Aeráidí Réigiúnacha (CORDEX)

I gcomhar leis an Institiúid Mhuirí agus le Met Office an RA, leanamar orainn de bheith ag cothabháil an Líonra Baoithe Aimsire Muirí ar fud na hÉireann, ag déanamh monatóireachta ar an aeráid mhuirí agus ag cur raon sain-

réamhaisnéisí ar fáil d'úsáideoirí. Baineadh úsáid as sonraí breathnóireachta ó mhéadair thaoide don réamhaisnéis.

Ionstraimíocht agus Monatóireacht Chomhshaoil

Réadlann Dairbhre

Déantar arduithe raidió sondála san aer uachtarach chun próifíl ingearach na ngnéithe meitéareolaíocha a thomhas ag Réadlann Dairbhre. Go luath sa bhliain 2012, fuarthas go raibh gá an líon díobh seo a dhéantar a laghdú ó cheithre huair go dhá uair in aghaidh an lae. Ag an am céanna, cuireadh uathobriú breithnithe ar dhromchlaí sionoptacha i bhfeidhm chomh maith.

Rinneadh tomhas ar leibhéal radaíochta ultraivialaite (UV) agus dromchla agus colúin ózón iomlán chomh maith, tacaithe ag arduithe ózón sondála seachtainiúla.

Bhí an Réadlann páirteach i gcláir mhonatóireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta i gceimic atmaisféarach, geomhaighnéadaigh, seisméolaíocht agus san fheineolaíocht. Ghlac sé leis an bhfreagracht as an Líonra Feineolaíochta Idirnáisiúnta (IPG) in Éirinn sa bhliain 2012. Cuireadh nuashonraí laghduithe geomhaighnéadacha ar fáil d'Údarás Eitlíochta na hÉireann (ÚEE) agus do Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (SOÉ).

Cuireadh an dara leath den suirbhé comhathraithe maighnéadaigh ciantréimhsigh i gcrích sa bhliain 2012. Tosaíodh ar obair ullmhúcháin ar an mbonneagar don suíomh nua monatóireachta comhshaoil ag Oileán Dhairbhre. .

Saotharlann

Leanadh leis an gclár fairsing monatóireachta comhshaoil le linn 2012 le béim ar an anailís ar chomhdhéanamh ceimice samplaí aeir agus báistí ó stáisiúin shionoptacha roghnaithe. Cuimsithe san obair seo bhí anailís ar 5 shampla ó 5 shuíomh truaillithe trasteorann de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus anailís ar shamplaí cáilíochta aeir ó stáisiún Faire Atmaisféarach Domhanda ag Ceann Mhása agus an stáisiún Faire Astmaisféarach Réigiúnach ag Réadlann Dairbhre.

Rannóg na Teicneolaíochta

Clár Maoirseachta Meitéareolaíoch

Rinneadh cothabháil agus forbairt ar líonra maoirseachta meitéareolaíoch na hÉireann i rith 2012. Tháinig córais maoirseachta dromchla atá uathobríoch go hiomlán i bhfeidhm ar Oileán Dhairbhre agus Béal an Mhuirthead le linn 2012, rud a chur i gcrích an t-uathobriú ar líonra 20 suíomh a dhéanann breithnithe

aimsire 24/7. Rinneadh cothabháil ar chórais mhaoirseachta eitleochta ag 5 Aerfort Éireannacha agus bailíodh breithnithe clíomeolaíochta agus báistí ó thart ar 450 suíomh.

Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide

Lean Met Éireann de bheith ag bainistiú raon leathan córas TFC, lena n-áirítear seirbhísí ríomhaire deisce do gach ball foirne, malartú sonraí meitéareolaíochta idirnáisiúnta, tuar aimsire uimhriúil, táirgeadh réamhaisnéise aimsire agus grafaicí teilifíse. Tá seirbhísí gréasán-bhunaithe fós ina ngné shuntasach de sholáthar seirbhíse aimsire Met Éireann.

Córais Ghlactha Radair agus Satailíte Meitéareolaíoch

Oibríonn Met Éireann dhá radar faireachais aimsire líonraithe, suite in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus na Sionainne. Déantar cothabháil ar stáisiúin talún a ghlacann le sonraí ó shatailítí meitéareolaíochta chomh maith. Suiteáladh uasghráduithe suntasacha crua-earraí sa bhliain 2012 chun déileáil leis na cineálacha breise faisnéise a bhí ar fáil ó na satailítí nua geochoibhsaí agus polacha.

Suíomh Gréasáin Met Éireann

Déantar leasuithe gach bliain ar shuíomh gréasáin Met Éireann (www.met.ie) ar a ndéantar óstáil seachtrach ar fhreastalaí tiomnaithe ard-infhaighteachta. Sa bhliain 2012, tháinig 6.1 milliún cuairteoir chuig an suíomh ar 27 milliún turas aonair. Ba mhéadú é seo ar an mbliain roimhe agus bhí sé ag teacht leis an treocht mhéadaitheach i líon na gcuairteoirí. An lá ba ghnóthaí sa bhliain 2012 ná an 15 Lúnasa, le 292,000 cuairt. Ba lá é sin ina raibh gaoth láidir agus báisteach throm, sa Deisceart ach go háirithe.

Ar an 2 Lúnasa 2012, sheol Met Éireann <http://m.met.ie/>, leagan den suíomh gréasáin ar “feidhmchlár gréasáin” é atá dírithe ar fhóin chliste agus táibléid. Faigheann m.met.ie thart ar 15,000 cuairt in aghaidh an lae. Ar an 24 Meán Fómhair, seoladh feidhmchlár Android, tógtha san fheidhmchlár gréasáin nua. Faoi dheireadh na bliana, suiteáladh an feidhmchlár Android 10,000 – 50,000 uair agus tá athbhreithnithe fíordhearfacha faighte aige. Tá Feidhmchlár iPhone pleanáilte don Earrach 2013.

Rinneadh feabhais shuntasacha chomh maith sa bhliain 2012 ar an taispeáint radair bháistí, lena n-áirítear taifeach feabhsaithe, agus rinneadh leasaithe do tháirgí radair ginearálta atá ar fáil ar líne.

Seirbhís Ghréasáin “Féin-Fhaisnéisiú Met” (FFM)

Tá an suíomh gréasáin eitleochta speisialtóra FFM seo tacaíthe agus óstáilte go himmheánach d'úsáid phíolótaí agus aerfort Éireannach amháin. Lean sé air de bheith ag soláthar seirbhísí eitleochta go héifeachtach le breis is 500 úsáideoir

agus cuideachta aonair ag baint úsáide as an tseirbhís thart ar 93,000 uair i rith 2012, méadú de 13% ar an úsáid a baineadh as sa bhliain 2011.

Caibidil 8

Acmhainní a Sholáthar don Roinn Nua-aimseartha

Cuspóir Ardleibhéil

Forbairt leanúnach Rannóige ardfheidhmíochta a chinntiú atá tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin, éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar dár gcustaiméirí uile.

Acmhainní Daonna (AD), Bainistíocht Feidhmíochta agus Forbairt Córas (BFFC), Oiliúint agus Forbairt

Sa bhliain 2012, chuir an Rannóg a cuid ullmhúcháin chun cinn maidir le hUachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh sa chéad leath de 2013. Cuireadh baill foirne ó gach cuid den Rannóg chuig áiteanna ina raibh an t-ualach oibre trom de bharr ár nUachtaránachta, chun tacaíocht a thabhairt. Cuireadh foirne Trasrannóige/Trasghníomhaireachta chuig roinnt earnálacha. Cuireadh socruithe tuairiscithe solúbtha tras-srutha i bhfeidhm idir foirne teicniúla/riaracháin chun bainistíocht a dhéanamh ar roinnt sainchomhad bainteach leis an Uachtaránacht.

Ba phríomhréimse béime é cur i bhfeidhm an Chreata Rialaithe Fostaíochta (CRF) don Ghrúpa Vótaí Comhshaoil fós. Leagann an CRF síleálacha foriomlána agus earnála amach laistigh den Ghrúpa Vótaí Comhshaoil, atá comhdhéanta den Roinn, comhlachtaí Neamhthráchtála Stát-tionscanta (CNTST) faoi choimirce na Roinne agus na n-údarás áitiúil.

Lean an Roinn de bheith ag baint amach a raibh geallta faoi Phlean Gnímh Pháirc an Chrócaigh agus faoin Phlean Athchóirithe don tSeirbhís Phoiblí ina gcuimsítear spriocanna bainteach le laghdú líon na foirne sa tseirbhís phoiblí, rannpháirtíocht sa chlár ath-implonaithe, próisis ghnó feabhsaithe agus bainistíocht feidhmíochta, freastail agus neamhláithreacht níos fearr chomh maith le tabhairt isteach struchtúir seirbhíse agus scileanna ceannaireachta a fheabhsú.

Sa bhliain 2012, rinne an Rialtas cinneadh dul ar aghaidh le cur i bhfeidhm *Comh-Ionad Seirbhíse Acmhainní Daonna na Státseirbhíse – Peoplepoint*. Déanfaidh an t-ionad seo bainistiú ar ghnéithe ard-toirte, idirbheartaíochta den AD, a chuirfidh ar chumas aonad áitiúil AD díriú ar acmhainneacht AD níos straitéisí. Tá sé sceidealaithe don Roinn teacht laistigh de shainchúram Peoplepoint i rith Eanáir – Bealtaine 2014.

Reáchtáil an Rannóg clár cuimsitheach sonraithe oiliúna agus forbartha sa bhliain 2012, ina raibh clár oiliúna dréachtaithe reachtaíochta, oiliúint AD do bhainisteoirí líne fós á sholáthar don fhoireann ag leibhéal Ardoifigigh Fheidhmiúcháin (AOF) agus coibhéiseach, agus leathnaíodh chuig leibhéal Leas-Phríomhoide (LPO) agus coibhéiseach. Chlúdaigh an oiliúint saoire bhreuiteachta, bainistíocht freastail agus tearcfheidhmíocht agus tá sé ina

thacaíocht mhaith do bhainisteoirí. Cuireadh oiliúint ar fáil do lucht na foirne atá ag leibhéal Oifigigh Chléireachais (OC) agus Oifigigh Feidhmiúcháin (OF) sa bhainistíocht oifige, tearcfheidhmíocht agus i ngnáis airgeadais.

Lean an fhoireann orthu de bheith ag baint leasa as raon scéimeanna cothromaithe oibre/saoil chomh maith, faoi mar atá léirithe thíos:

Scéim	Líon ball foirne ag baint leasa as an scéim
Comhroinnt oibre	90
Saoire Tuismitheora	42
Sos Gairme	21
Sos Gairme le Dreasacht	18
Saoire Staidéir	44
Bliain Oibre níos Giorra	56

Leanadh ag baint úsáide as CBFF chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar fheidhmíocht agus forbairt agus baineadh amach ráta forfheidhmithe de 95%. Tuadh isteach doiciméid nua CBFF, ar aontaíodh iad go lárnach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le Comharchumainn ag féachaint le cuíchóiriú agus simpliú a dhéanamh ar an bpróiseas, le haghaidh thimthriall 2012 agus thimthriall 2013 araon.

B'ionann líon iomlán na foirne ag obair sa Roinn ag deireadh an bliana 2012 agus 779 post Coibhéise Lánaimseartha. Earcaíodh líon teoranta ball foirne agus tugadh ardú céime ar bhealaí éagsúla le linn 2012, lena n-áirítear iad a athlonnú, trí ardú céime inmheánach agus trí chomórtas oscailte.

Sa bhliain 2012, ghlac an Roinn páirt sa Tionscnamh Náisiúnta *Job Shadow*.

Chomh maith leis sin, ghlac an Roinn páirt i Scéim Socrúcháin FÁS do Chéimithe dar teideal *Jobbridge* agus bhí 9 intéirneacht i bhfeidhm sa bhliain 2012.

An tAonad TFC

Rinneadh dul chun cinn maith le linn 2012 ar straitéis TFC na Roinne, arna foilsiú sa bhliain 2011. Bhí infhaighteacht an líonra TFC sa Roinn nach mór 100% éifeachtach agus rinneadh dul chun cinn i bhfeabhsú stuamacht an líonra mar ar cuireadh i bhfeidhm naisc iolracha rud a chuir ar chumas ardáin Bhaile Átha Cliath agus Phort Láirge a chéile a chúltaic. Ar na nithe eile a baineadh amach i rith na bliana bhí siad seo:

- Rinneadh comhdhlúthú ar shuíomhanna gréasáin na Roinne – síos go 12, ó 30;
- Suiteáladh líonra de chóras monatóireachta a chuireann fógra ar fáil faoi chur isteach a d'fhéadfadh a tharlú ar an tseirbhís ar fhreastalaithe tábhachtacha;
- Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm córais tacaíochta ghnó i roinnt réimsí – ríomhchóras BCFF, Córas Bainistíochta Doiciméid, córas chun rianú a dhéanamh ar iarratais Saorála Faisnéise, uasghrádú ar theicneolaíocht deisce don fhoireann go léir, billeáil leictreonach don úsáid phearsanta as fóin póca, agus roinnt feidhmchlár tacaíochta Córas Faisnéise Geografaí (GIS), lena n-áirítear feabhsúcháin bhreise ar an tairseach MyPlan.ie ;
- Cuireadh leis na háiseanna físchomhdhála le go n-áireofaí gníomhaireachtaí seachtracha (breise is 300 áis físchomhdhála sa bhliain 2012). Rinneadh uasghrádú córais freisin chun feabhas a chur ar láidreacht agus críochphointí breise; agus
- Fuarthas cead ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara riar a dhéanamh ar an gClár Forbartha Tuaithe, tar éis scrúdú fada a dhéanamh ar bhonneagar agus gnáthaimh shlándála.

Coiste Comhpháirtíochta

Lean Coiste Comhpháirtíochta na Roinne ina fhóram inar pléadh forbairtí suntasacha agus tionscnaimh nua i réimsí an nuachóirithe agus na n-acmhainní daonna trí phróiseas comhairliúcháin, cumarsáide agus comhthuisceana.

Dhírigh formhór mór obair an Choiste ar chur i bhfeidhm clár oibre um leasú na hearnála poiblí faoi Phlean Gnímh Pháirc an Chrócaigh de chuid na Roinne agus tríd an bPlean Gnímh um Athbhreithniú Eagraíochtúil (ORP). Bhreithnigh agus cheadaigh an Coiste freisin Plean Cumarsáide Inmheánaí (arna dhréachtú ag an bhfochoiste Comhpháirtíochta). Ghlac an Coiste páirt i bpróiseas pleanála gnó agus tosaíochta na Roinne, lena n-áirítear ullmhúcháin d'Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach i gcéad leath na bliana 2013.

Iarratais maidir le Saoráil Faisnéise/Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (SF/RFC):

Sa tábla thíos tá sonraí na gníomhaíochta SF/RFC maille le heolas faoi chatagóir na n-iarrthóirí ag déanamh na n-iarratas SF sa bhliain 2012. Chuir Oifig an Ombudsman isteach 12 iarratas ar fhaisnéis i ndáil le géaráin a fuair an oifig maidir le teip na Roinne freagra pras a thabhairt ar chomhfhreagras agus maidir le cinntí a ghlac an Roinn.

Cinntí	SF	RFC
Ceadaithe	60	5
Páirtcheadaithe	45	4
Diúltaithe	32	4
Iarratas tarraingthe siar	11	4
Aistrithe	0	2
Iarratais idir lámha	16	0
Iomlán na nIarratas Faighte*	164	19
Miondealú na nIarratas de réir Rannóige	SF	RFC
Pobal	5	0
Airgeadas & Seirbhísí Lárnacha	45	1
Pleanáil & Tithíocht	38	1
Rialtas Áitiúil	30	1
Comhshaol	18	8
Uisce & TFC	28	6
Miondealú ar Iarratais de réir Chatagóir an Iarratasóra	SF	RFC
Meáin & Iriseoirí	119	4
Gnó, Cuideachtaí, Sainchomhairleoirí	11	1
Baill an Oireachtais / Ionadaithe Poiblí	3	0
Cumainn & comhlachtaí gairmiúla eile	10	6
Indibhidiúil (iarratas neamhphearsanta)	21	8
Indibhidiúil (iarratas pearsanta)	0	0
Athbheithnithe Inmheánacha	SF	RFC
Seasadh leis an gCinneadh Bunaidh	9	5
Athraíodh an Cinneadh Bunaidh	2	1
Athbheithniú idir Lámha	0	0
Iomlán na nAthbheithnithe Faighte	11	6

*I gcás 12 iarratas SF eile tharraing na hIarratasóirí siad iad sular sannadh iad do na Rannóga.

An Ghaeilge

Idir Lúnasa 2011 agus Iúil 2012, dhéileáil an fhoireann le 20 glao teileafóin, 5 fhiosrú duine le duine, 45 píosa comhfhreagrais i scríbhinn trí Ghaeilge. Rinne an Roinn gach iarracht freisin a chinntiú go mbeadh gach foirm iarratais, póstaer agus bileog eolais a úsáidtear go coiteann, ar fáil go dátheangach faoi aon chlúdach amháin (nó ar leithligh, i gcás nach bhfuil sin indéanta mar thoradh ar dhearadh an fhoilseacháin). Bíonn an Roinn ag feabhsú inneachar Gaeilge a suíomhanna gréasáin ar bhonn leanúnach.

Cuireadh ranganna forbartha Gaeilge ar fáil d'fhoireann na Roinne ina hoifigí i mBaile Átha Cliath, Loch Garman agus Béal an Átha ag bonnleibhéil agus leibhéil idirmheánacha, le linn 2012. D'ullmhaigh an Roinn a tríú Scéim Teanga agus táthar ag feitheamh faoi láthair le go gceadóidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an scéim sin.

Ag Tacú leis an bPróiseas Parlaiminteach

Cuireadh 4,516 Ceist Pharlaiminteach faoi bhráid an Aire sa bhliain 2012 (4,270 sa bhliain 2011) agus d'fhreagair an tAire 3,972 (399 ó Bhéal agus 3,573 i Scríbhinn) (freagraíodh 2,372 sa bhliain 2011; 294 ó Bhéal agus 2,078 i Scríbhinn); agus i gcás na gceisteanna eile níor ceadaíodh iad, tarraingíodh siar iad nó aistríodh iad. Bhí 364 (150 sa bhliain 2011) cinn de Dhíospóireachtaí Saincheisteanna Reatha agus 61 (16 sa bhliain 2011) Díospóireacht Atrátha Seanaid ann sa bhliain 2012. Cuireadh 8,951 uiríoll (8,216 sa bhliain 2011) faoi bhráid Airí agus Airí Stáit agus tugadh 1,263 cuireadh dóibh sa bhliain 2012 (1,298 sa bhliain 2011).

Bainistiú Airgeadais, Iniúchadh Inmheánach agus Bainistiú Riosca

Chuir rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne i gcrích 4 iniúchadh inmheánacha agus 3 athbhreithniú iniúchta le linn 2012. Reáchtáil Coiste Iniúchóireachta na Roinne 3 chruinniú le linn na bliana.

Sa bhliain 2012, chuir an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil i gcrích spotseiceálacha ar chomhlíonadh na gceanglas breithmheasa caipitil (i gcás gur Údaráis Áitiúla a bhí i mbun na dtionscadal) agus chuir an Rannóg Seirbhíse Iniúchóireachta Pobail i gcrích spotseiceálacha eile (do thionscadail i réimse na Phobail).

Leanadh leis na hAthbhreithnithe Luach ar Airgead agus Beartas agus Measúnuithe Measúnachtaí Beartais Fócais le linn 2012, agus an ceann ba mhó ná athbhreithniú ar an Scéim Cóiríochta ar Cíos.

De réir bheartas an Rialtais maidir le héifeachtacht níos fearr agus luach ar airgead, rinneadh bainistiú gníomhach ar shainchomhairleoireacht. An figiúr sealadach d'íoc amach le haghaidh 2012 is ea tuairim is €714,000.

Íoc Pras

Sa bhliain 2012, d'íoc an Roinn 90% de gach sonrasc laistigh de 15 lá féilire agus íocadh 99% de gach sonrasc laistigh de 30 lá féilire.

Maidir leis an mbliain iomlán, thabhaigh an Roinn íocaíocht maidir híoc pras de €13 – laghdú de bhreis is 97% i gcomparáid leis an mbliain 2011 mar a raibh gá €492 a íoc amach. Is ionann luach na n-íocaíochtaí déanacha mar chéatadán de gach íocaíocht ar shonrasc sa bhliain 2012 agus 0.0003%, sin laghdú beagnach deich n-uaire ar luach mhéid 2011 (0.029%).

AGUISÍNÍ

AGUISÍN 1

Gníomhaíocht Reachtach sa bhliain 2012

Achtanna an Oireachtais sa bhliain 2012

Uim h.	Teideal	Cur Síos	MTR déanta (Tá/Níl)	Cúis le MTR a ullmhú
2	An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012.	Leis an Acht seo tugadh isteach clárúchán agus cigireacht le haghaidh na gcóras fuíolluiche teaghlaigh	Tá	
10	An tAcht um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais) 2012	Thug an tAcht seo éifeacht bhuan reachtúil do mhéaduithe sa cháin mótarfheithiclí i mBuiséad 2012.	Níl	Ní raibh gá le MTR sa mhéid go raibh an tAcht ag tabhairt éifeachta do cheist Bhuiséid.
17	An tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2012	Forálann an tAcht seo do dhíscáoileadh roinnt comhlachtaí poiblí. Forálann Cuid 4 den Acht do leasú Chaibidil 2 de Chuid 14 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 chun go mbeadh cead an duine céanna a cheapadh mar chomhbhainisteoir ar Chomhairlí Contae agus Cathrach Luimnigh agus Comhairlí Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas.	Níl	Ní raibh gá le ceann.
23	Acht na gCuntas Díomhaoin 2012	Leis an Acht seo díscáoileadh Bord na gCuntas Díomhaoin agus aistríodh feidhmeanna reachtúla an Bhoird chuig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.	Tá	
27	An tAcht Toghcháin (Leasú) 2012	Forálann an tAcht seo d'úsáid faisnéise ar an gclár toghthóirí chun baill a roghnú don Tionól Bunreachtúil ar saoránaigh iad.	Níl	An t-athrú reachtúil a ceadaíodh tharla sé chun go bhféadfaí úsáid a bhaint as an gclár toghthóirí chun baill a roghnú don Tionól Bunreachtúil ar saoránaigh iad . Ní dhearnadh MTR mar thoradh ar an amscála i gceist do

				bhunú an Tionóil.
36	An tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta) 2012	Forálann an tAcht seo do shrian ar shíntiúis chorpáraideacha pholaitiúla, do bhunú cláir de dheontóirí corparáideacha, go laghdófaí na tairseacha d'fháil agus do dhearbhu síntiúis pholaitiúil agus do cheanglas ar pháirtithe polaitíochta cuntais airgeadais a ullmhú le cur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí. Áirítear san Acht beart chun laghdú faoi leith ar an méid maoiniúcháin a fhaigheann páirtithe polaitíochta mura bhfuil ar a laghad 30% de mhná agus 30% d'fhir i measc na n-iarrthóirí don chéad olltoghchán eile. Tá an figiúr seo le méadú go dtí 40%, seacht mbliana óna thosach feidhme.	Níl	Foilsíodh Scéim Ghinearálta an Bhille don chomhairliúchán i mí an Mheithimh 2011. Leagadh amach ann na forálacha a bheadh sa Bhille agus tionchair na bhforálacha sin. Ansin foilsíodh an Bille i mí na Nollag 2011.

Scéimeanna Ginearálta/Mírchinn Billí curtha faoi bhráid an Rialtais le linn 2012:

Uimh.	Teideal	Cur Síos	MTR déanta (Tá/Níl)	Cúis le MTR a ullmhú
	An Bille um Sheirbhísí Uisce	Bille chun Irish Water a bhunú, agus chun ról comhairleach a thabhairt don Choimisiún um Rialáil Fuinnimh. (Foilsíodh an Bille i mí Eanáir 2013)	Tá	
	An Bille um Athrú Aeráide agus Forbairt Carbóin Ísil	Tacú lenár n-athrú chuig geilleagar le leibhéal íseal carbóin, le haeráid athléimneach agus le comhshaol inbhuanaithe.	Níl	Imlíne Mírchinn Amháin; Beidh MTR ag gabháil leis an Scéim Ghinearálta in am trátha.
7	An Bille um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais) 2012	Cuspóir an Bhille seo ná éifeacht bhuan reachtúil a thabhairt do mhéaduithe sa mhótarcháin arna bhfógairt i mBuiséad 2012.	Níl	Ní raibh gá le MTR sa mhéid go raibh an tAcht ag tabhairt éifeachta do cheist Bhuiséadach.
	An Bille um Neamhúsáid	Forálfaidh an Bille do chóras ionchasach d'fhógairt a thabhairt i	Tá	Ullmhaíodh MTR scagthástála.

	Mótarfheithi clí 2013	gcás mótarfheithiclí easbhóthair chun críche mótarchánach a thiocfaidh in ionad an chórais reatha dearbhuithe siarghabhálacha a dhéanamh.		
--	-----------------------	---	--	--

Billí arna bhfoilsíú ag an Roinn le linn 2012:

Uimh	Teideal	Cur Síos	MTR déant a (Tá/Níl)	Cúis le MTR a ullmhú
69	An Bille um Thionóntacht aí Cónaithe (Leasú) (Uimh. 2) 2012	Leasaigh an Bille seo an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 ionas go dtabharfaí tionóntachtaí neamhbhrabúis na hearnála tithíochta faoi raon an Achta. Forálfaidh sé freisin do chónascadh an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha leis an mBinse Cíosa agus go bhunú scéime um chosaint taiscí tionóntachta.	Tá	
84	An Bille Toghcháin (Leasú) (Dáilcheantair) 2012	Forálann an Bille seo do leasú líon na mball i nDáil Éireann, do leasú na ndáilcheantar agus do líon na mball a thoghfaí sna dáilcheantair sin.	Tá	

Dréacht-treoracha ón AE a raibh an príomhfhreagracht ar an Roinn astu le linn 2012:

Uimh.	Teideal	Cur Síos	MTR déanta (Tá/Níl)	Cúis le MTR a ullmhú
COM (2011) 439 Deiridh	Togra do leasú na Treorach 1999/32/CE i ndáil leis an méid sulfair i mbreoslaí mara.	Cuireann sé reachtaíocht ón AE ar chomhréim leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Cosc ar Thruaillíú ó Longa (ar a dtugtar Coinbhinsiún MARPOL) agus forálann go bhfanfadh na caighdeáin maidir le breosla is infheidhmithe sna Limistéir Um Rialú ar Astaíochtaí Sulfair (LRAS) ar chomhréim leosan is infheidhmithe do	Níl	Tá formhór na n-airteagal i bhfeidhm cheana féin sa reachtaíocht náisiúnta a thug éifeacht do Choinbhinsiún MARPOL.

		longa paisinéirí lasmuigh de LRASanna.		
COM (2012) 93 Deiridh	Togra chun cinneadh a dhéanamh maidir le rialacha cuntasáíochta agus pleananna gnímh um astaíochtaí gáis cheaptha teasa agus baint ag eascairt ó ghníomhaíochtaí a bhaineann le húsáid talún, athrú úsáide talún agus foraoiseacht.	Foráil do comhtháthú céimneach na húsáide talún, an athraithe úsáide talún agus na hearnála foraoiseachta (LULUCF) i mbeartas an Aontais maidir le haeráid trí chreat ar leithligh dlíthiúil a rachaidh i ngleic le próifíl shonrach na hearnála agus a chinntiú go mbeidh creat stuama cúichóirithe cuntasáíochta ann.	Níl	Níor chuir an togra san áireamh aon athruithe ar na spriocanna maolaithe gáis cheaptha teasa faoi dhlí an AE, ar aon spriocanna nua.
COM (2011) 789 Deiridh	Togra maidir le rialáil Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle Eorpaigh ar mheicníocht chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa agus do thuairisciú aon eolais eile ag an leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an Aontais ar eolas é a bhaineann le hathrú aeráide	Leis an togra seo féachtar le feabhas a chur ar an gcóras reatha monatóireachta agus tuairiscithe maidir le hastaíochtaí gáis cheaptha teasa chun go soláthrfaí do mhonatóireacht imleor ar ghealltanais agus dualgais an Aontais agus na mBallstát faoi na comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le hathrú aeráide atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, chun ceanglais dhlíthiúla an Phacáiste Aeráide agus Fuinnimh a chomhlíonadh, agus chun tacú le forbairt na n-ionstraimí maolaithe agus athraithe ag leibhéal an Aontais. Tiocfaidh sé in ionad Chinneadh Uimhir 280/2004/CE	Níl	Níor chuir an togra san áireamh aon athruithe ar na spriocanna maolaithe gáis cheaptha teasa faoi dhlí an AE, ar aon spriocanna nua.

Ionstraimí Reachtúla/Orduithe Ullmhaithe ag an Roinn le linn 2012:

Uimh	Teideal	Cur Síos	MTR déanta (Tá/Níl)	Cúis le MTR a ullmhú
1	Na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2012	Leagann siad síos liosta d'Eastáit Neamhchríochnaithe Tithíochta atá i dteideal tarscaoileadh a fháil ón Muirear Teaghlaigh; leagann síos tréimhse 3 mhí chun dearbhú a thabhairt agus an muirear a íoc; leagann síos an modh agus ábhar an dearbhaithe, agus an modh ina ndéanfar an íocaíocht; ainmníonn comhlachtaí (LGCSB and LGMSB) a d'fhéadfadh a cheangal ar údarais áitiúla eolas a roinnt agus a mhalartú ar mhaithe leis an Muirear Teaghlaigh a bhailiú.	Níl	Níl gá leis
50	Na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Tionacht Oifige Bainisteoirí) 2012	Forálann do chur le tionacht oifige Bhainisteoir Cathrach Luimnigh	Níl	Níl gá leis
63	Na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Muirir) (Leasú) 2012	Forordaíonn tréimhse 3 mhí d'íoc an mhuirir ar áit chónaithe phríobháideach neamhphearsanta leis an údarás áitiúil cuí	Níl	I bhfianaise raon agus chineál na hionstraimí Reachtúla seo bheadh MTR oiriúnach sa chás seo.
79	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Thionscnamh na Saoránach) 2012	Chuir na Rialacháin seo i bhfeidhm socruithe a mbeidh feidhm acu in Éirinn chun éifeacht a thabhairt do Thionscnamh Saoránach an Aontais Eorpaigh.	Níl	Níl gá leis
81	Na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) (Leasú) 2012	Leasaíonn na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) i ndáil le huimhreacha a chur ar fho-rannóga an dá Rialachán agus an t-ainm Gaeilge a chur isteach in ionad na n-ainmneacha Béarla i roinnt eastát forordaithe i sceideal na Rialachán	Níl	Níl gá leis
100	An tOrdú um an gCoimisiún Reifrinn (Bunú) 2012	Bunaíodh an Coimisiún Reifrinn chun críocha na nAchtanna Reifrinn 1998 agus 2001 i ndáil leis an mBille um an Tríochadú Leasú ar an mBunreacht (An Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eorpach agus Airgeadaíochta) 2012 agus	Níl	Níl gá leis

		ainmníodh 30 Márta 2012 ar an dáta a mbeadh éifeacht ag post chathaoirleach an Choimisiúin.		
116	Na Rialacháin um Pleanáil & Forbairt (Leasú) 2012	Leasaíonn na Rialacháin seo na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2011 chun go n-athrófaí ó 16 seachtaine go 10 seachtaine an tréimhse roimh ócáid allamuigh ar ghá a bheith ann le hiarratas a dhéanamh chun ceadúnas a fháil don ócáid sin.	Níl	Níl gá leis, sa mhéid gur leasú teicniúil an leasú seo.
119	Na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) (Leasú) (Uimh.2) 2012	Forordaíonn an I.R. seo gurb é an tÚdarás Clárúcháin Maoine an duine iomchuí chun críocha alt 14(1)(a) den Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011.	Níl	I bhfianaise raon agus chineál na hionstraime reachtúla seo bheadh MTR iomchuí sa chás seo.
138	Na Rialacháin Foirgníochta (Cuid A Leasú) 2012	Leasú a dhéanamh ar Chuid A de na Rialacháin Foirgníochta 1997, chun go mbeidís i gcomhréir leis na Cóid Eorpacha (sraith de chóid um dearadh comhchuibhithe struchtúrach d'oibreacha foirgníochta agus innealtóireachta sibhialta, atá anois i bhfeidhm tríd is tríd ar fud an AE)	Tá	
149	Rialacháin na gComhphobal Eorpach maidir le Spriocanna Comhshaoil (Screamhuisce) (Leasú) 2012	Leasaíonn na Rialacháin seo Rialacháin na gComhphobal Eorpach maidir le Spriocanna Comhshaoil (Screamhuisce) 2010	Níl	Is mionleasuithe iad seo, agus níl tionchar forleathan acu.
152	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Radaíocht Ianúcháin) (Leasú) 2012	Cuireann an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (RPII) roinnt táirgí dáileogmhéadrachta ar fáil do chustaiméirí, chun monatóireacht a dhéanamh ar dhaoine sa tseirbhís sláinte agus i dtionscail a oibríonn le radaíocht ianúcháin. Tá sé beartaithe ag RPII deireadh a chur leis an tseirbhís	Níl	Leasú teicniúil ar rialacháin a bhí ann cheana féin. Gan aon tionchar suntasach.

		dáileogmhéadrachta ag deireadh na bliana 2012 agus athrófar ról RPII ó bheith ina sholáthraí díreach go heagraíocht a dhéanfaidh maoirseacht agus a bhaileoidh sonraí.		
157	Na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Tionacht Oifige Bainisteoirí) (Leasú) 2012	Foráilann le go gcuirfí Alt 147(5) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 i bhfeidhm maidir le post Bhainisteoir Contae Luimnigh agus Bainisteoir Cathrach Luimnigh	Níl	Níl gá leis.
162	Na Rialacháin fán Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 (Foirm Fhorordaithe) 2012	Forordaíonn na Rialacháin seo an fhoirm is gá a úsáid agus iarratas á dhéanamh leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (PRTB) chun tionacht áitribh a chlárú.	No	Níl gá leis.
176	Na Rialacháin um Acht na gComhphobal Eorpach 1972 (Sonraíochtaí Comhshaoil do Bhreoslaí Peitрил agus Díosail agus Olaí Gáis d'úsáid in innealra soghluaiste nach mbíonn ar an mbóthar (Leasú) 2012	Thug éifeacht do Threoir 2011/63/AE agus thug chun dáta na modhanna a úsáidtear chun peitрил agus díosal a thástáil.	Níl	Leasú teicniúil ar rialacháin a bhí ann cheana féin. Gan aon tionchar suntasach.
186	Na Rialacháin um Theorannú Astaíochtaí Comhdhúl Orgánach Soghalaithe de bharr tuaslagóirí Orgánacha a úsáid sna Péinteanna agus sna Vearnaisí Maisiúla agus sna Táirgí Athbhailchríochnaithe Feithicle (Leasú) 2012	Thug éifeacht to Threoir 2010/79/Ae agus thug chun dáta na modhanna a úsáidtear chun méid an ábhair shoghalaithe orgánaigh atá i bpéinteanna agus i vearnaisí áirithe.	Níl	Leasú teicniúil ar rialacháin a bhí ann cheana féin.. Gan aon tionchar suntasach.
219	An tOrdú fán Acht um Sheirbhísí Uisce	Tosach feidhmithe an Achta um Sheirbhísí Uisce.	Níl	Tosach feidhme an Achta clúdaithe

	(Leasú) 2012 (Tosach feidhme) 2012			cheana féin ag MTR
220	Na Rialacháin um Chórais Cóireála Fuíolluisce Teaghlaigh (Clárú) 2012	Rialacháin a chumasaíonn roinnt de na forálacha san Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú)	Níl	Acht Cumasúcháin atá clúdaithe cheana féin ag MTR
221	Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Líonta Talún) (Leasú) (2012)	Leasaíonn an muirear a ghearrtar mar thobhach líonta talún	Níl	Ní raibh gá le MTR sa mhéid go ndearnadh ceann roimh an reachtaíocht phríomhúil, An tAcht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011
223	Na hAchtanna um Sheirbhísí Uisce 2007 agus 2012 (Córais Cóireálacha Fuíolluisce Teaghlaigh) 2012	Rialacháin ag cumasú roinnt forálacha den Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú)	Níl	Acht Cumasúcháin atá clúdaithe cheana féin ag MTR
241	An tOrdú fán Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2012 (Tosach Feidhme) 2012	Thug tús feidhme d'Ailt 1-7 den Acht	Níl	Níl gá leis
243	Rialacháin na gComhpobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinneamh Foirgneamh) 2012	Foráil do thrasuíomh agus do chur i bhfeidhm na n-airteagal iomchuí de Threoir 2010/31/AE ón AE maidir le feidhmíocht fuinneamh foirgneamh (athmhúnlú)	Níl	In ionad MTR a dhéanamh foilsíodh dréachtphlean gnímh maidir le cur i bhfeidhm na Treorach ionas go bhféadfaí comhairliúchán poiblí a bheith ann ina thaobh
246	Rialacháin ón AE (Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Gnáthóga) 2012	Faoi Alt 261A den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000-2011 chuir údarais phleanála tús le himscrúdú 9 mí ar chairéil. Ag eascairt as roinnt saincheisteanna a tháinig chun cinn bhí gá 3 mhionleasú theicniúla a	Níl	Leis na Rialacháin seo rinneadh trasuíomh ar an Treoir, ní raibh gá le MTR.

		dhéanamh ar alt 261A ionas go mbeadh údaráis phleanála in ann obair a n-imscrúdaithe a chur i gcrích. Rinneadh na leasuithe sin leis na Rialacháin seo.		
269	An tOrdú fán tAcht Rialtais Áitiúil 2012 (Tosach Feidhme) (Uimh. 3) 2012	Thug codanna áirithe d'Alt 10 agus d'Alt 11 i bhfeidhm ag foráil le go ndíscailfí Gníomhaireacht Athbheochana Luimnigh	Níl	Ní raibh gá leis
270	Na Rialacháin um Dhumpáil ar Farraige (Táillí) 2012	Leagtar amach san Ionstraim Reachtúil seo na táillí nua iarratais le haghaidh ceadanna Dumpála ar Farraige de réir Alt 5 (5) den Acht um Dhumpáil ar Farraige 1996.	Níl	Bhí tionchar ag na rialacháin seo ar líon teoranta páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle iomlán leo roimh chur i bhfeidhm na rialachán
271	An tOrdú fán Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Comhairle Shonraithe) (Luimneach) 2012	Foráiltear leis seo gurb í Cathair Luimnigh an chomhairle ina mbeidh bainisteoir fostaithe mar bhainisteoir Chontae Luimnigh agus Chathair Luimnigh	Níl	Níl gá leis
282	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Cosc ar Thruailliú agus Rialú Truaillithe Comhtháite) 2012	Leis na Rialacháin seo leasaítear an tAcht Environmental Protection Agency Act 1992 agus an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 chun a chinntiú go mbeadh comhairliúchán imleor ann idir údaráis ceadúnaithe pleanála agus comhshaoil i gcás go ndéantar measúnacht tionchair comhshaoil, má tá gá leis faoi Threoir Uimhir 2011/92/CE. Tá feidhm ag na Rialacháin seo maidir le cosc ar thruailliú agus rialú a dhéanamh ar iarratais ar cheadúnais ón nGníomhaireacht ón 30 Meán Fómhair 2012.	Níl	Forálann na Rialacháin seo do chúrsaí gnásúla a bhaineann le cosc ar thruailliú agus rialú ar cheadúnais a chomhtháthú lena chéile sa chóras arna riar ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.
283	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Dramhaíl) 2012	Leis na Rialacháin seo leasaítear an tAcht um Bainistiú Dramhaíola 1996 agus an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 chun a chinntiú go mbeadh comhairliúchán imleor ann idir na húdaráis ceadúnaithe pleanála agus comhshaoil i gcás go	Níl	Forálann na Rialacháin seo do chúrsaí gnásúla a bhaineann le córas ceadúnaithe dramhaíola arna riar ar an

		ndéantar measúnacht tionchair timpeallachta, má tá sé de cheangal é a dhéanamh faoi Threoir Uimh. 2011/92/AE. Tá feidhm ag na Rialacháin i ndáil le ceadúnais dramhaíola a dhéantar leis an nGníomhaireacht ó 30 Meán Fómhair 2012.		nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.
287	An tOrdú fán Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2012 (Tosach Feidhme) (Uimhir 4) 2012	Cuireadh i bhfeidhm codanna d'ailt 10 agus 11 agus alt 12 ag foráil do dhíscaoileadh an Bhoird Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus an Bhoird Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil agus go ndéanfaí a bhfeidhmeanna a aistriú chuig an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.	Níl	Níl gá leis
288	An tOrdú fán Acht Seirbhísí Rialtais Áitiúil (Comhlachtaí Corpraithe) Act 1971 (Aistriú feidhmeanna chuig an mBord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil) 2012	Forálann d'aistriú fheidhmeanna an bhoird Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil chuig an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.	Níl	Níl gá leis
289	An tOrdú fán Acht Seirbhísí Rialtais Áitiúil (Comhlachtaí Corpraithe) Act 1971 (Aistriú feidhmeanna chuig an mBord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil) 2012	Forálann d'aistriú fheidhmeanna an bhoird Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil chuig an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.	Níl	Níl gá leis
290	An tOrdú um an Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú) 2012	Forálann do bhunú an Bhoird Bainistíochta Rialtais Áitiúil,	Níl	Níl gá leis
291	An Scéim Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas) (Comhdhlúthú) (Leasú) 2012	Leasaíonn an An Scéim Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas) (Comhdhlúthú) 1998 ionas go bhforálfaí d'athruithe i dteidlíochtaí pinsin do Bhainisteoirí agus Stiúrthóirí Seirbhíse arna gceapadh ar 26 Iúil 2012 nó dá éis.	Níl	Níl gá leis

292	An tOrdú fán Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2012 (Tosach Feidhme) (Uimh. 2) Order 2012	Thug seo i bhfeidhm Cuid 4 den Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2012 i ndáil le ceapadh bainisteora a mbeadh de chomhdhualgas air/uirthi bheith ina b(h)ainisteoir ar Chontae agus ar Chathair Luimnigh	Níl	Níl gá leis
303	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uasteorainn Náisiúnta Astaíochtaí) (Leasú) Regulations 2012	Nuashonrú ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uasteorainn Náisiúnta Astaíochtaí) (Leasú) 2004 chun tagairt d'astaíochtaí dé-ocsaíde sulfair, ocsaídí nítrigine, comhdhúile soghalaithe orgánacha agus amóinia a astaítear i gcrios eisiach eacnamaíoch (CEE) na hÉireann.	Níl	Léasú téacsach ar na rialacháin atá ann cheana féin.. Gan aon tionchar suntasach.
326	Na Rialacháin fán Acht um Thruailliú Aeir (Margaíocht, Díol, Dáileadh agus Dó Breoslaí Sonraithe) 2012	Daingníonn Na Rialacháin fán Acht um Thruailliú Aeir (Margaíocht, Díol, Dáileadh agus Dó Breoslaí Sonraithe) 1998-2011. Leasú déanta ar na teorainneacha le limistéir ina bhfuil cosc ar ghual toiteach a dhó. Cuireadh 7 mbaile bhreise leis an limistéar ina bhfuil cosc ar ghual toiteach a dhó le héifeacht ó Bhealtaine 2013. Tugadh isteach cosc ar dhó breoslaí toirmisceithe laistigh de limistéir ina bhfuil cosc ar ghual toiteach a dhó agus sin ag cur leis an gcosc ar mhargaíocht, ar dhíol agus ar dháileadh.	Níl	Níl gá leis don fhoráil daingniúcháin. Eisíodh páipéar sonrach comhairliúcháin i mí Aibreáin. Tugadh éifeacht d'fhorálacha nua a tugadh isteach tar éis breithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí a fuarthas le linn an phróisis seo. f
327	Rialacháin na gComhphobal Eorpach maidir le Spriocanna Comhshaoil (Screamhuisce)(Leasú) 2012	Leasaíonn na Rialacháin seo Rialacháin na gComhphobal Eorpach maidir le Spriocanna Comhshaoil (Screamhuisce) 2012, 2009	Níl	Ní raibh iontu seo ach mionleasuithe teicniúla nach bhfuil tionchar forleathan acu.
341	Na Rialacháin um Rialú Foirgníochta (Comhlachtaí agus cúrsaí forordaithe) 2012	Forálann na Rialacháin seo d'fhorordú comhlachtaí breise oideachais agus cláir iontrála ar mhaithe le clárú daoine incháilithe ar Chlár Ailtirí arna bhunú faoi Chuid 3 den Acht um Rialú Foirgníochta 2007	Níl	I.R. riaracháin. Níl gá le MRT.
352	An tOrdú um an gCoimisiún Reifrinn (Bunú) (Uimh. 2) 2012	Leis an ordú seo bunaíodh an Coimisiún Reifrinn chun críocha na nAchtanna Reifrinn 1998 agus 2001 i ndáil leis mBille um an Aonú Leasú is	Níl	Níl gá leis

		Tríocha ar an mBunreacht (Leanaí) Bill 2012 agus ainmníodh an 19 Meán Fómhair 2012 ar an dáta a mbeadh éifeacht ag post chathaoirleach an Choimisiúin.		
368	An tOrdú fán Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitiúil) 2012 (Tosach Feidhme) Order 2012	Cuireann i bhfeidhm ailt 1, 2, 27, 40, 41, 42, 43 agus 44 den Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitiúil) 2012.	Níl	Níl gá leis
369	Na Rialacháin Toghcháin (Páipéar Ainmiúcháin d Thoghcháin na Dála) 2012	Leasaigh na rialacháin seo Rialacháin Toghcháin 2007 trí fhoirm leasaithe a fhorordú le húsáid ag toghchán Dála, a shonraíonn go gcaithfear inscne an iarrthóra a shonrú.	Níl	Níl gá leis
376	An tOrdú fá Acht na gCuntas Díomhaoin s (Leasú) Act 2012 (Tosach Feidhme) 2012	An dáta ar a sonraítear cathain ba chóir d'Acht na gCuntas Díomhaoin (Leasú) 2012 teacht i bhfeidhm h	Níl	Níl gá leis
377	An tOrdú fá Acht na gCuntas Díomhaoin s (Leasú) Act 2012 (An Lá Ceaptha) 2012	An lá ceaptha chun críocha Acht na gCuntas Díomhaoin (Leasú) 2012.	Níl	Níl gá leis
384	Na Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Uisce 2007 (Clárú agus Cigireachtaí) 2012	Rialacháin a chumasaíonn roinnt forálacha den Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú)	Níl	Acht Cumasúcháin atá clúdaithe cheana féin ag MTR
406	Na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Tionacht Oifige Bainisteora) (Leasú Uimh. 2) 2012	Forálann do chur i bhfeidhm Alt 147(5) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 i ndáil le poist Bhainisteoir Chontae an Chláir, Bhainisteoir Chontae Dhún na nGall, Bhainisteoir Chontae na Gaillimh, Bhainisteoir Chontae Chiarraí, Bhainisteoir Chontae Chill Chainnigh, Bhainisteoir Chontae Lú, Bhainisteoir Chontae Mhaigh Eo, Bhainisteoir Chontae Thiobraid Árann Theas, Bhainisteoir Chontae na hIarmhí, Bhainisteoir Chontae Loch Garman, Bahinisteoir Chontae Chill Mhantáin	Níl	Níl gá leis
407	Rialacháin na	Thug éifeacht do Threoir 2011/88/AE	Níl	Níl aon déantóirí na

	gComhphobal Eorpach (Rialú Astaíochtaí ó Thruaileáin Ghásacha agus Cháithíneacha ó Innealra Soghluaiste nach bhfuil ar Bóthar) (Leasú) 2012	ag ceadú do mhéadú ar líon na n-inneall ar an margadh faoin scéim sholúbtha ó 20% to 37.5% le linn na hidirthréimhse ó Chéim IIIA go dtí Céim IIIB.		n-inneall i gceist lonnaithe in Éirinn.
419	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000) 2012.	Is é cuspóir na Rialachán seo ná éifeacht bhreise a thabhairt i ndlí na hÉireann d'Airteagal 3 de Threoir Uimh. 2011/92/AE de Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle den 13 Nollaig 2011 maidir le measúnacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag tionscadail áirithe phoiblí agus phríobháideacha ar an gcomhshaol. Leis na Rialacháin seo leasaítear alt 2, alt 171A agus alt 172 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (Uimh. 30 de 2000).	Níl	The Regulations transpose the directive, RIA not required
420	Na Rialacháin Tithíochta (Díol Tithe) 2012	Sna rialacháin seo forordaítear gur é 31 Nollaig 2012 an lá deireanach ar a nglacfaidh údarás tithíochta le hiarracht chun áitreabh a cheannach faoi Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí 1995 tenant purchase scheme do thithíocht atá ag údarás áitiúil faoi láthair agus gurb é 31 Nollaig 2013 an lá deireanach ar a mbeidh cead ag údarás áitreabh a dhíol faoin scéim.	Níl	Níl gá leis
422	An tOrdú fán Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2012 (Tosach Feidhme) (Uimh. 5) Ordú 2012	Thug sé i bhfeidhm Alt 13 go 15 ag foráil le go ndíscaoilfí An Chomhairle Leabharlanna agus go n-aistreofaí roinnt dá feidhmeanna chuig an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil .	Níl	Níl gá leis
432	An tOrdú fán Acht Roghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta) 2012 (Tosach Feidhme) (Uimh. 2) Order	Forálann an tOrdú seo do thosach feidhme, ar dhátaí éagsúla, codanna áirithe den Acht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta) 2012.	Níl	Níl gá leis

	2012			
433	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Urthrá) 2012	Rialacháin chun leasú a dhéanamh ar fhorálacha MTT) an Achta Urthrá ionas go mbeidís ag teacht le breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa i gCás C-50/09.	Níl	Mionleasuithe ar an reachtaíocht atá ann cheana féin.
454	Na Rialacháin fán Acht um an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Clárú na nOibreoirí a Chuireann Gual i Málaí agus na Soláthraithe Breosla Sholadaigh) 2012	Leagtar amach iontu feidhmeanna an GCC i ndáil le clár a choinneal d'oibreoirí a chuireann gual i málaí agus de sholáthraithe breosla sholadaigh. Tá siad tugtha chun dáta chun bheith ar comhréim ó thaobh téacs de leis na Rialacháin fán Acht um Thruaillíú Aeir (Margaíocht, Díol, Dáileadh agus Dó Breoslaí Sonraithe) (I.R. Uimh. 326 de 2012).	Níl	Mionleasuithe ar an reachtaíocht atá ann cheana féin. Gan aon tionchar suntasach.
457	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Cosc ar Thruaillíú agus Rialú Truaillithe Comhtháite) 2012 (Uimh. 2) 2012	Leasaítear leis na Rialacháin seo an tAcht um an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992 agus an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 chun a chinntiú go mbeidh comhairliúchán imleor ann idir na húdaráis ceadúnaithe pleanála agus chomhshaoil i gcás go bhfuil measúnacht tionchair comhshaoil á dhéanamh, má tá sé de cheangal é a dhéanamh faoi Threoir Uimh. 2011/92/EC. Tá feidhm ag na Rialacháin seo maidir le cosc ar thruaillíú agus rialú a dhéanamh ar iarratais ar cheadúnais ón nGníomhaireacht ón 30 Meán Fómhair 2012.	Níl	Forálann na Rialacháin seo do chúrsaí gnásúla a bhaineann le cosc ar thruaillíú agus rialú ar cheadúnais a chomhtháthú lena chéile sa chóras arna riar ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.
465	Na Rialacháin Tithíochta (Díol Títhe le Tionóntaí atá ann le Fada) (Leasú) 2012	Cuimsíonn na rialacháin seo an tréimhse idir 31 Nollaig 2012 go dtí 30 Meitheamh 2013 an lá ar féidir le húdaráis tithíochta áitreabh a dhíol le tionóntaí atá ann le fada agus déantar seo faoin scéim cheannaigh do thionóntaí 2011.	Níl	Níl gá leis
476	Na Rialacháin Feithiclí Bóthair (Clárú agus	Tugann na Rialacháin éifeacht d'athrú teicniúil chun a chun a chinntiú go mbaineann mótarcháin	Níl	Níl gá leis – gan tionchar suntasach.

	Ceadúnú) (Leasú) 2012	le feithiclí atá coinnithe atá ráta níos ísle tar éis an bhuiséid a mbeadh an ráta bliantúil cánach glactha acu seachas sin thar an tairseach reatha.		
490	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trádáil Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa) 2012	Forálann na rialacháin seo do thrasuíoch na Treorach 2009/29/CE, agus an cuspóir leis seo ná feabhas a chur ar an scéim trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa an Chomhphobail agus síneadh a chur leis. Chomh maith leis sin déanann na rialacháin daingniú ar rialacháin náisiúnta arna ndéanta go dtí seo ar chúrsaí a bhaineann le Córas Trádála Astaíochtaí an AE, ach amháin na Rialacháin a bhaineann le hiniamh astaíochtaí a bhaineann le heitlíocht.	Tá	
502	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trádáil Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa) (Eitlíocht) (Leasú) 2012	Is é cuspóir na Rialachán seo ná leasuithe a dhéanamh ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trádáil Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa) (Eitlíocht) 2010 ionas go ndéanfaí trasuíomh iomlán ar Threoir 2009/29/CE a mhéid a bhaineann sé le heitlíocht.	Níl	Níor measadh na leasuithe a bheith ina leasuithe substainteacha agus mar sin níor measadh go raibh gá le próiseas comhairliúcháin.
512	Na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) (Duine Forordaithe) 2012	Forordaíonn na rialacháin seo go gcuirfidh údarás áitiúil eolas ar fáil don Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha ar eolas é a fuarthas de bhun an chuir i bhfeidhm a rinne an t-údarás áitiúil ar an Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011. Is gá go mbeadh gá réasúnta leis an eolas sin chun cuidiú leis an Bord a fheidhmeanna a chomhlíonadh.	Níl	I bhfianaise raon agus chineál na hionstraime reachtúla seo bheadh sé oiriúnach MTR a dhéanamh.
513	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Srian ar Shubstaintí Guaiseacha Áirithe i nDramhtrealamh Leictreach agus Leictreonach) 2012	Treoir 2011/65/Ae ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a thrasuíomh i nDlí na hÉireann – treoir a bhaineann le srian a chur ar roinnt substaintí guaiseacha áirithe i ndramhtrealamh leictreach agus leictreonach. Is é cuspóir na Rialachán ná feabhas a chur ar shábháilteacht táirgí leictreonacha agus cosc a chur ar scaoileadh substaintí guaiseacha isteach sa	Níl	Níl gá leis. Bhí próiseas comhairliúcháin phoiblí ann agus coinníodh páirtithe leasmhara ar an eolas ag gach céim den phróiseas dréachtaithe.

		timpeallacht.		
514	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Srian ar Shubstaintí Guaiseacha Áirithe i nDramhtrealamh Leictreach agus Leictreonach) (Leasú) (Uimh.1) 2012	Trasúiomh i ndlí na hÉireann ar Threoir Tharmhligthe 2012/50/AE ón gCoimisiún a leasaíonn chun críocha oiriúnú a dhéanamh ar larscríbhinn III le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le srian a chur ar roinnt substaintí guaiseacha i ndramhtrealamh leictreach agus leictreonach.	Níl	Technical amendment to existing legislation.
515	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Srian ar Shubstaintí Guaiseacha Áirithe i nDramhtrealamh Leictreach agus Leictreonach) (Leasú) (Uimh.2) 2012	Trasúiomh i ndlí na hÉireann ar Threoir Tharmhligthe 2012/51/AE a leasaíonn chun críocha oiriúnú a dhéanamh ar larscríbhinn III Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le srian a chur ar roinnt substaintí guaiseacha i ndramhtrealamh leictreach agus leictreonach. .	Níl	Technical amendment to existing legislation.
529	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cadhnaí agus Taisc-chadhnaí) (Leasú) 2012	Trasúiomh i ndlí na hÉireann ar Chinneadh 2009/603/CE ón gCoimisiún ag bunú na gceanglas a bhaineann le clárú táirgeoirí agus taisc-chadhnaí.	Níl	Leasú teicniúil ar an reachtaíocht reatha.
564	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Péinteanna, Vearnaisí agus Táirgí Athbhailchríochnaithe Feithicle ,)	Rinne ath-trasúiomh ar Threoir - 2007/42/CE. Tugadh isteach córas nua do chigireachtaí agus deimhniúchán ón údarás áitiúil do shuiteáil athbhailchríochnaithe feithicle.	Níl	Córas nua cigireachtaí agus deimhniúcháin ag teacht leis an gcóras atá sonraithe in I.R. Uimh. 565 de 2012, ar ullmhaíodh MTR dó.
565	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Suiteálacha agus Gníomhaíochtaí ina n-úsáidtear Tuaslagóirí Orgánacha 2012	Rinne trasúiomh ar Chaibidil V den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha 2010/75/AE. Thug isteach córas cigireachta agus deimhniúcháin a dhéanann údarás áitiúla ar shuiteálacha tuaslagóirí .	Tá	
566	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ollghléasra Dócháin) 2012	Rinne trasúiomh ar chaibidil III den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha 2010/75/AE. Ceanglófar faoi choinníollacha ceadúnaithe GCC go mbeidh gléasra dóbháin ag comhlíonadh na luachanna uasta d'ascaíochtaí	Tá	

		truailleáin faoi 2016. Féadfar plean náisiúnta idirthréimhseach (PNI) a chur i bhfeidhm i leith gléasra níos sin chun an tréimhse Eanáir 2016 go dtí Meitheamh 2020 a chuimsiú, ar an gcoinníll go bhfaightear cead ón Aire agus ón gCoimisiún Eorpach.		
n/b	Ordú an Reifrinn – Lá Vótála	Shocraigh an tOrdú seo gurb é 31 Bealtaine 2012 lá vótála don reifreann maidir leis an mBille um an Tríochadú Leasú ar an mBunreacht (gConradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eorpach agus Airgeadaíochta) 2012. Foilsíodh an tOrdú in Iris Oifigiúil.	Níl	Níl gá leis
n/b	Ceann Comhairle an Reifrinn	Faoin Ordú seo ceapadh Ceann Comhairle an Reifrinn um an maidir leis an mBille um an Tríochadú Leasú ar an mBunreacht (gConradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eorpach agus Airgeadaíochta) 2012. Foilsíodh an tOrdú in Iris Oifigiúil.	Níl	Níl gá leis
n/b	Ordú an Reifrinn – Lá Vótála	Leis an Ordú seo socraíodh ar an 10 Samhain 2012 mar dhá vótála don reifreann ar an mBille um an Aonú Leasú id Tríocha ar an mBunreacht (Leanaí) 2012. Foilsíodh an tOrdú in Iris Oifigiúil.	No	Níl gá leis
n/b	Ceann Comhairle an Reifrinn	Faoin Ordú seo ceapadh Ceann Comhairle an Reifrinn um an maidir leis an mBille um an Aonú Leasú id Tríocha ar an mBunreacht (Leanaí) 2012. Foilsíodh an tOrdú in Iris Oifigiúil.	No	Níl gá leis
n/b	Bunú an Choiste um Theorainn an Dáilcheantair	Bhunaigh an tOrdú seo an Coiste um Theorainn an Dáilcheantair chun tuairisciú ar an deighilt idir limistéir na Comhairle, seachas Cathair Chorcaí, isteach i limistéir dáilcheantair agus chun moltaí a dhéanamh maidir leis an líon ball ar ach comhairle a bheadh sannta do gach toghcheantar.	No	Níl gá leis

AGUISÍN 2

Foilseacháin 2012

Seo thíos liosta na bhfoilseachán arna dtairgeadh ag an Roinn le linn 2012. Féadtar foilseacháin a bhfuil costas ag baint leo a cheannach go díreach ó Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, mura gcuirtear a mhalairt in iúl.

Clár	Ainm an fhoilseacháin	Ar fáil ag	Cost
Comhshaol agus Bainistiú Dramhaíola	<i>European Communities (Access to Information on the Environment) Regulations 2007 to 2011 - Guidance for Public Authorities and others on implementation of the Regulations</i>	www.environ.ie	N/A
Comhshaol agus Bainistiú Dramhaíola	<i>Environmental Protection Agency Review – Follow up and Implementation</i>	www.environ.ie	N/A
Comhshaol agus Bainistiú Dramhaíola	<i>Delivering Cleaner Air: Smoky Coal Ban Regulations – Review and Public Consultation</i>	www.environ.ie	N/A
Comhshaol agus Bainistiú Dramhaíola	<i>National Climate Change Adaptation Framework – Building Resilience to Climate Change</i>	www.environ.ie	N/A
Comhshaol agus Bainistiú Dramhaíola	<i>Green Tenders - An Action Plan for Green Public Procurement</i>	www.environ.ie	N/A
Comhshaol agus Bainistiú Dramhaíola	<i>Our Sustainable Future – A Framework for Sustainable Development for Ireland</i> (Straitéis Iomlán)	www.environ.ie	N/A
Comhshaol agus Bainistiú Dramhaíola	<i>Our Sustainable Future – A Framework for Sustainable Development for Ireland</i> (Achoimre)	www.environ.ie	N/A
Comhshaol agus Bainistiú Dramhaíola	<i>Risks to Ireland from Incidents at the Sellafield Site</i>	www.environ.ie	N/A
Seirbhísí Uisce	<i>Water Sector Reforms Consultation Paper (Eanáir 2012)</i>	www.environ.ie	N/A
Seirbhísí Uisce	<i>Water Sector Reform - Implementation Strategy</i>	www.environ.ie	N/A
Rialtas Áitiúil	<i>Fire Safety for Farms and Rural Areas</i>	www.environ.ie	N/A

Clár	Ainm an fhoilseacháin	Ar fáil ag	Cost
Rialtas Áitiúil	<i>Action Programme for Effective Local Government, Putting People First</i>	www.environ.ie	€10
Rialtas Áitiúil	<i>A Guide to: Putting People First Action Programme For Effective Local Government</i>	www.environ.ie	N/A
Rialtas Áitiúil	<i>Local Government Efficiency Review Group Progress Report</i>	www.environ.ie	N/A
Rialtas Áitiúil	<i>Supporting Economic Recovery and Jobs – Locally, Local Government Sectoral Strategy to Promote Employment and Support Local Enterprise</i>	www.environ.ie	N/A
Rialtas Áitiúil	<i>Buiséid an Rialtais Áitiúil 2012</i>	www.environ.ie	N/A
Rialtas Áitiúil	<i>Ráitis Airgeadais an Rialtais Áitiúil 2010</i>	www.environ.ie	N/A
Rialtas Áitiúil	<i>Design of a Local Property Tax – Report of the Inter-Departmental Group</i>	www.environ.ie	N/A
Rialtas Áitiúil	<i>Torthaí an Reifrinn: 1937–Bealtaine 2012</i>	www.environ.ie	N/A
Rialtas Áitiúil	<i>Final Report of the Local Government/Local Development Alignment Steering Group – October 2012</i>	www.environ.ie	N/A
Housing	<i>National Implementation Framework for the National Housing Strategy for People with A Disability</i>	www.environ.ie	N/A
Tithíocht	<i>Sorting it Out! – A Guide to Resolving Your Mortgage Arrears Problem</i>	www.environ.ie	N/A
Tithíocht	<i>Dealing with Mortgage Arrears – A Guide for Local Authorities</i>	www.environ.ie	N/A
Tithíocht	<i>National Housing Development Survey 2012</i>	www.environ.ie	N/A
Tithíocht	<i>Annual Progress Report of the National Coordination Committee on Unfinished Housing Developments</i>	www.environ.ie	N/A
Met Éireann	<i>A comparison of spring tree phenology with a range of meteorological parameters / Biology and Environment; Proceedings of the Royal Irish Academy - Gleeson, E., Donnelly, A., Ní Bhroin,</i>	http://tcdlocalportal.tcd.ie/pls/public/publications_pr.php?p_unit=botany	N/A

Clár	Ainm an fhoilseacháin	Ar fáil ag	Cost
	A., O'Neill, B.F., Semmler, T. and McGrath R.		
Met Éireann	A look at the ocean in the EC-Earth climate model / <i>Clim. Dyn.</i> , 2012, 39, 11, 2631-2657, doi:10.1007/s00382-011-1239-2 - Sterl, A., R. Bintanja, L. Brodeau, E. Gleeson, T. Koenigk, T. Schmith, T. Semmler, C. Severijns, K. Wyser and S. Yang	http://dx.doi.org/10.1007/s00382-011-1239-2	N/A

AGUISÍN 3

Tuarascáil Bhliantúil maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh

Forléargas ar Úsáid Fuinnimh 2012

Sna figiúirí thíos maidir le tomhaltas fuinnimh na Roinne cuimsítear oifigí na Roinne ag Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath, Loch Garman agus Béal an Átha. Bhain tuairim is aon trian de thomhaltas fuinnimh le spásanna a théamh, agus bhain an chuid eile den fhuinneamh a úsáideadh le soilsiú, le haerú, le huisce te, leis an oifig (TF) agus le trealamh lónadóireachta.

Seo thíos figiúirí 2012:

Suíomh	Leictreachas (MWh)	Gás (MWh)	Breosláí In-athnuaite (MWh)	Iomlán (MWh)	% Laghdú ón mBliain Bhonnlíne (2007)
Teach an Chustaim	937	1,774	72.3	2,718 (63%)	+16%
Béal an Átha	324	258	Nil	582 (14%)	-20%
Loch Garman	520	452	42.3	972 (23%)	Ní raibh Oifig Loch Garman ag feidhmiú sa Bhliain Bhonnlíne (2007)
				4,272 (100%)	-10%

Tríd is tríd, bhí an tomhaltas fuinnimh ar fud oifigí na Roinne sa bhliain 2012 i gcomparáid le 2007 (i.e. an Bhliain Bhonnlíne)tar éis titim faoi -10%.

Ba í 2007 an chéad bhliain ar ghlac an Roinn páirt in scéim OOP "Optimising Power @ Work", feachtas feasachta foirne i 250 foirgneamh mór faoi úinéireacht/ar léas ag OOP le go mbainfeadh Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí stáit úsáid astu chun astaíochtaí CO₂ ó thomhaltas fuinnimh a laghdú don earnáil phoiblí. Is é príomhfhócas an fheachtais ná feasacht a spreagadh i measc foirne i ngach foirgneamh atá páirteach ann, ach fós féin

go bhfeidhmeodh na foirgnimh sin ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir ó thaobh na bpróiseas tomhaltais fuinnimh de.

Sa chéad chéim den scéim *Optimising Power @ Work* baineadh amach laghdú de 14% in astaíochtaí CO₂ faoi mhí Bealtaine 2010 don earnáil phoiblí go léir (i.e. gach foirgneamh páirteach) agus d'imigh an choigilt in airde. Socraíodh ar sprioc de laghdú 20% faoi dheireadh 2012 (níl an toradh le haghaidh 2012 ar fáil fós ó Oifig na nOibreacha Poiblí).

Tugadh oifig na Roinne i Loch Garman isteach sa scéim i mí Eanáir 2012 – cuireadh i gcrích suiteáil an trealaimh monatóireachta fuinnimh sa bhliain 2011 agus bainfear úsáid as na sonraí a bhain leis sin mar bhonn eolais don fheachtas san fhoirgneamh iomlán.

Mar thoradh ar áitriú níos airde agus fadhbanna teicniúla leis an gcóras teasa d'imigh tomhaltas fuinnimh in airde i dTeach an Chustaim sa bhliain 2012. Táthar ag breithniú na saincheistanna seo agus rachfar i ngleic leo sa bhliain 2013 ag súil go laghdófar riachtanais teasa amach anseo.

Bearta a cuireadh i gcrích i 2012

Anuraidh, thosaigh an Roinn roinnt tionscnamh ag 3 shuíomh chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh, lena n-áirítear:

- Leanúint ag cur chun cinn na dtionscnamh “cas as” (Ríomhairí Pearsanta agus Soilse);
- Cuireadh i bhfeidhm go teicniúil agus suiteáladh coirí nua (Béal an Átha);
- Rinneadh athbhreithniú ar úsáid fuinnimh an Fhrestalaí TF i dTeach an Chustaim – cur i bhfeidhm na mbeart coigilte fuinnimh;
- Leanadh leis an dlúthmonatóireacht ar chloig ar chórais mheicniúla agus leictreacha;
- Rinneadh tuairisciú míosúil maidir le fuinneamh;
- Rinneadh optamú ar an bhfeachtas fuinnimh *Power @ Work*; agus
- Rinneadh roinnt cur i láthair don fhoireann maidir le húsáid fuinnimh i ngach foirgneamh de chuid na Roinne.

Gníomhartha Beartaithe le haghaidh 2013

Sa bhliain 2013 (agus i mblianta ina dhiaidh sin), tá sé beartaithe ag an Roinn feabhas breise a chur ar fheidhmíocht fuinnimh trí thionscnaimh eile, lena n-áirítear:

- Leanúint le monatóireacht agus oiriúnú na gcóras Teasa, Aeraithe agus Aerchóirithe (HVAC);
- Iniúcháireachtaí ar Chórais Bainistithe Foirgneamh (BMS);
- Leanadh leis na hiniúcháireachtaí Lasmuigh d'Uaireanta Oibre;
- Fócas athnuaite ar fheasacht foirne (le cur i láthair, de réir mar ba ghá);
- Ath-áiríodh tagarmharcanna agus rialú ar fheidhmíocht HVAC;

- Rinneadh monatóireacht ar úsáid painéal gréine chun feabhas breise a chur ar thomhaltas fuinnimh theirmigh (Teach an Chustaim);
- Suiteáladh BMS PC i dTeach an Chustaim; agus
- Rinneadh staidéar féidearthachta ar choire samhraidh a d'fhéadfaí a úsáid chun cuidiú leis an táirgeadh fuinnimh ó na painéil ghréine le go n-úsáidfí an fuinneamh chun an córas uisce the a théamh (Teach an Chustaim).